



Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Peace

Northern Ireland - Ireland - Scotland

European Regional Development Fund



EUROPEAN UNION

Interreg

Northern Ireland - Ireland - Scotland

European Regional Development Fund



EUROPEAN UNION



Comhlacht na gClár Speisialta AE Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020



Northern Ireland
Executive

www.northernireland.gov.uk



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020

Co-funded by the Irish Government
and the European Union



European Union



The Scottish
Government
Riaghaltas na h-Alba

EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future



Comhlacht na gClár Speisialta AE Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Arna gcur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann de réir an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/
Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 Sceideal 1, Aguisín 2, Cuid 7, ailt
1.3 agus 2.6 ag An Roinn Airgeadais agus faoi bhráid an dá Theach de chuid an Oireachtais de réir
Alt 49 (1) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 ag An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe

ar 9 Nollaig 2021.



© Cóipcheart CCSAE 2021.

Is féidir leat ath-úsáid a bhaint as an fhoilseachán seo (gan lógónna san áireamh) saor in aisce i bhformáid ar bith nó trí mheán ar bith, de réir théarmaí an Cheadúnais Rialtais Oscailte. Chun breathnú ar an cheadúnas sin, tabhair cuairt ar

www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence le do thoil nó seol ríomhphost chuig: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

I gcás ina n-aithnímid faisnéis a bhaineann le cóipcheart de chuid tríú páirtí, ní foláir cead a fháil ó shealbhóirí an chóipchirt ábhartha.

Le haghaidh breis sonraí maidir le hath-úsáid na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas don bhliain 2020, seol litir chuig:

An CCSAE,
7ú hUrlár, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.
Tá an cháipéis seo le fáil ar ár láithreán gréasáin ar
www.seupb.eu

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an cháipéis seo a sheoladh chugainn ar
info@seupb.eu

Íomhá clúdaigh

Mol lompair an larthuaiscirt i nDoire-Londandoire ar maoiníodh tríd an chlár INTERREG VA de chuid an AE.



Clár na nÁbhar

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh	05
Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE	09
Príomhéachtaí na Bliana 2020	11
Forbhreathnú ar an Chlár PEACE IV	13
Forbhreathnú ar an Chlár INTERREG VA	19
Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha	24
Forbairt an Chláir PEACE PLUS	25
An Teachtaireacht a Chur in Iúl in 2020	26
Ráiteas Rialachais	32
Tuarascáil maidir le Luach Saothair	42
Cuntais Bhliantúla	49
Aguisín	76



Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh



Bliain an-dúshlánach a bhí in 2020 dúinn mar eagraíocht agus do na tionscadail go léir a maoiníodh trí na clár PEACE IV agus INETERREG VA de chuid an AE. Agus an saol mór ag streachailt le dul i ngleic le dianghlasáil i ndiaidh dianghlasála, scaradh sóisialta agus féinleithislithe, bhí ar lucht eagraithe ár dtionscadal bealaí úra nuálacha a aimsiú chun a gcuid oibre a chur i gcrích.

Am na neamhchinnteachta agus an aighnis a bhí ann, ach cuireann sé lúcháir orm a fhógairt gur éirigh leis an uile thionscadal dár gcuid teacht ar dhóigheanna úra lena chinntiú gur seachadadh an obair thábhachtach i bhíonn ar siúl acu do na rannpháirtithe.

Ar leibhéal inmheánach, d'obair muid go gasta chun plean teagmhais cuimsitheach a chur i bhfeidhm don eagraíocht ar fad agus faoi cheann seachtaine socraíodh go gcuirfí an uile bhall foirne ar fud ár trí n-oifig ag obair go cianda. Cé gur athrú mór a bhí ann sin, bhí barrthábhacht ag baint le sábháilteacht na mball foirne a chinntiú, agus cuireann sé lúcháir orm a rá gur éirigh linn, mar eagraíocht, dul i ngleic leis an dóigh seo oibre agus muid sa bhaile. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt do mo bhaill foirne sa CSSAE a léirigh seasmhacht agus gairmiúlacht lena chinntiú go leanfaí leis an obair fíorthábhachtach a bhíonn ar bun acu agus iad ag tabhairt tacaíochta dár dtionscadail chistithe.

Le bliain anuas, chuaigh an dúthracht a léirigh ár mbaill foirne tionscadail i gcion go mór orm, agus d'amharc mé ar an dóigh ar léiríodh cruthaitheacht dochreidte sna tionscadail a bhain le Páistí agus Daoine Óga a mhaoinigh an clár PEACE IV trí leas a bhaint as na meáin sóisialta, as quizeanna ar líne agus as físchomhdhálacha chun rannpháirtíocht ghníomhach a dtairbhithe a choinneáil.

Thuig siad go maith an tionchar a bhí á imirt ag an dianghlasáil ar mheabharshláinte na ndaoine óga, agus d'obair siad go crua teagmháil a bhuanú leo tríd an iliomad dúshlán éagsúil, cluichí agus cuid mhór dearfachta agus dea-ghíúmair.

Bhí roinnt tionscadal, cuir i gcás iad siúd a mhaoinítear laistigh den chuspóir Taighde agus Nuálaíochta den chlár INTERREG VA, rannpháirteach i dtaighde nó i dtáirgeadh trealamh cosanta phearsanta chun scaipeadh COVID-19 a chosc. Rinneadh neart acu siúd a bhí rannpháirteach i seachadadh ár dtionscadal sláinte agus cúraim shóisialta a athlonnú ar bhonn sealadach le bheith ag obair ar an líne tosaigh, in otharlanna agus i suíomhanna cúraim eile. Cuirtear béim ar roinnt samplaí iontacha den obair sin agus tugtar mionsonraí fúithi i gcodanna den tuarascáil seo thíos.

Mar eagraíocht, d'fhreagair muid go tapa don scéal a bhí ag titim amach nuair a eisíodh na chéad fhógraí maidir leis an dianghlasáil. Thug muid treoir mhionsonraithe dár dtionscadail maidir le réimse ceisteanna lena n-áirítear íocaíochtaí práinne, sintí tionscadail, mionathruithe féideartha agus malairtí inghlactha i gcomhair gníomhaíochta srl. agus rinneadh an treoir sin a uasdátú ar bhonn rialta le linn na bliana.

Nuair ba threise an phaindéim, bhí ár n-oifigigh tionscadail, laistigh den Rúnaíocht Chomhpháirteach agus den Aonad um Ralú Airgeadais, i dteagmháil go laethúil le baill foirne tionscadal, ag tabhairt aghaidh ar a gceisteanna agus ag tabhairt a oiread comhairle, treoracha agus athdhearbhaithe agus ab fhéidir. D'éirigh go han-mhaith leis sin, toisc go raibh muid in ann teacht ar roinnt réiteach uathúil trí bheith ag obair in éineacht le chéile chun tionscadail a choinneáil ag gabháil agus ag seachadadh a dtorthaí a oiread agus is féidir.



Le linn na tréimhse sin ar fad bhí muid i dteagmháil leanúnach leis an Choimisiún Eorpach, lenár dhá Roinn Coimircíochta agus leis na Ranna Cuntasacha go léir (ó thuaidh agus ó dheas) a bhí páirteach sna cláir PEACE IV agus INTERREG VA araon. Agus iad ag obair taobh istigh de na creatlacha iomchuí rialaithe agus rialachais, bhí siad ábalta géilleadh do roinnt solúbthachtaí tábhachtacha, ar baineadh leas astu chun cúnamh a thabhairt do thionscadail.

B'ionann an scaradh sóisialta agus deireadh le neart imeachtaí fisiceacha seolta agus clabhsúir a raibh muid in ainm is a bheith páirteach iontu tríd an bhliain. Charbh ionann é sin agus fáil réidh lena leithéid d'ócáidí, ámh. Bhí ár lucht tionscadal ábalta na himeachtaí fisiceacha seolta agus clabhsúir sin a aistriú chuig an domhan digiteach, agus dá bhrí sin bhí muid páirteach i lear mór gníomhaíochtaí éagsúla teagmhála tionscadail 'fíorúla'.

Ina measc sin bhí ócáidí ceiliúrtha don tionscadal a maoiníodh tríd an chlár PEACE VI chun Acadamh Téatair Tógála Síochána a chur ar bun, don Phlean Gníomhaíochta Áitiúil PEACE de chuid Chomhairle Bhuirg Chósta an Chlocháin agus na nGleannta, don Housing Associations Integration Project (HAIP) agus do sheoladh an tionscadail Our Generation (a bhaineann le meabharshláinte an óige), gach ceann acu a thit amach i Meán Fómhair.

Le linn mhí Mheán Fómhair, bhí muid ábalta seimineár fíorúil a chomhordú a bhain leis an ghlaó deiridh cistiúcháin faoin Chlár PEACE IV ('An Comhtháthú Pobal a Thógáil tríd an Nuálaíocht Shóisialta') agus bhí an-fhreastal ar líne air. Cuireadh an seimineár chun cinn mar gheall ar fheachtas rathúil ar na meáin shóisialta agus trí fheachtas seolta ríomhphoist, rud a spreag neart suime sa ghlaó.

I measc na n-imeachtaí fíorúla a réachtáladh don Chlár INTERREG VA, bhí seoladh an tionscadail iSympathy (a bhain leis an tsláinte agus leis an chúram sóisialta) i mí na Samhna agus ócáid chlabhsúir an tionscadail SWIM (a bhain leis an chaomhnú comhshaoil) i mí na Nollag.

Ba ar líne a aistríodh formhór na ngníomhaíochtaí teagmhála cionn is gur mhéadaigh muid an úsáid a bhainimid as na meáin shóisialta d'fhonn obair an dá Chláir PEACE VI agus INTERREG VA a chur chun cinn. Ba léir dúinn an-rannpháirtíocht trínár gcainéil sna meáin shóisialta go léir, agus ba mhór an spreagadh a thug muid dár lucht tionscadal maoinithe chun a gcuid oibre a roinnt ar líne fosta.

Ar an dea-uair, réachtáil muid sraith ceardlanna rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara maidir le hábhar an Chláir úir PEACE PLUS, sular scaipeadh an víreas ar fud oileán na hÉireann. Dá réachtálfai na himeachtaí sin ní ba mhoille, bheadh an deis cailte againn dul i mbun cainte go poiblí le saoránaigh ar fud Thuaisceart Éireann agus na gcontaetha cois teorann in Éirinn.

Baineadh leas as an fhaisnéis a bhí muid in ann a bhailiú le linn na n-ócáidí sin (ar fhreastail corr a bheith 1,000 duine orthu) mar bhun do dhréacht-ábhar an chláir PEACE PLUS. Le linn na bliana 2020 lean muid orainn leis an phróiseas rannpháirtíochta sin, bíodh is gur ar líne a tharla, i gcuideachta le páirtithe leasmhara eile a bhí croíthábhachtach, macasamhail ranna rialtais ó thuaidh agus ó dheas, réimse leathan de ghníomhaireachtaí reachtúla agus an Choimisiún Eorpach.



Rinne Coiste Stiúrtha Forbartha Cláir maoirseacht ar an phróiseas, a raibh scaifte mhaith ionadaithe agus saineolaithe páirteach ann ón dá thaobh den teorainn. Áiríodh leo siúd oifigigh ranna rialtais; páirtithe sóisialta agus imshaol; eagraíochtaí neamhrialtasacha; ionadaithe corpraithe shóisialta, comhionannais inscne agus frith-idirdhealaithe; mar aon le baill an rialtais áitiúla. Ba mhaith liom an deis seo a thapú mo bhuíochas a ghabháil leis na baill as a gcuidiú sárluachmhar don phróiseas forbartha.

Go luath sa bhliain úr, beidh muid in inmhe comhairliúchán poiblí foirmiúil a chur ar bun i dtaca le forbairt ábhar an Chláir PEACE PLUS, lena n-áireofar mionsonraí maidir le téamaí agus réimsí infheistíochta. Agus neasluch €1bn a bheith luaite leis an chlár úr, beidh sainchúraim mhór ag baint leis agus beidh acmhainneacht ollmhór aige chun cúnamh a thabhairt don phróiseas teanaimh i gcomhair COVID-19, don Chomhaontú Ghlas don Eoraip, agus go críochnúil do chruthú sochaí atá níos síochánta, níos saibhre agus níos socra.

Imríonn an CCSAE ról an-ghníomhach i gcur chun cinn agus i dtreorú na rannpháirtithe féideartha thionscadail sna Thrasnáisiúnta INTERREG VB agus Idir-réigiúnacha de chuid an AE. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 75 thionscadal a raibh comhpháirtí acu i dTuaisceart Éireann san iomlán faofa, agus bhí 89 gcomhpháirtí as Tuaisceart Éireann faofa san iomlán.

Charbh fhéidir don obair ar fad a rinneadh i mbliana in éagmais thacaíocht leanúnach an Choimisiúin Eorpaigh; ár Ranna Coimircíochta (an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn); baill foirne na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas; mar aon leis na ranna rialtais a mbíonn muid ag plé leo i dTuaisceart Éireann, in Éirinn agus in Albain.

Tá muid faoi chomaoin mhór ag baill uile na gCoistí Monatóireachta agus Stiúrtha do na cláir PEACE IV agus INTERREG VA, ag an ghrinnscrúdú ón Choiste Iniúchta agus Urrúis Riosca CCSAE agus ag a Chathaoirleach agus a Bhaill neamhspleácha san áireamh as an chuidiú agus as an chúnamh leanúnach atá á soláthar acu ar fad.

Mar fhocal scoir, is údar mór bróid dom bheith i gceannas ar fhoireann a léirigh a oiread gairmiúlachta, dúthrachta agus faichille agus cúrsaí mar a bhí. Leanann siad orthu ag déanamh cinnte de go soláthraítear na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA, mar aon le forbairt an chlár PEACE PLUS.

GINA MCINTYRE
Príomhfheidhmeannach
Comhlacht na gClár Speisialta AE





Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE

Ár Misean

“Feabhas a chur ar shaol na ndaoine tríd an chomhpháirtíocht agus tríd an chomhoibriú trasteorann”.

Ár bhFís

“Cuirfidh muid le sochaí shíochánta, ionchuimsitheach agus rachmasach a fhorbairt; ag déanamh iarracht dul i bhfeabhas go leanúnach, an éifeachtúlacht a neartú agus spreagadh a thabhairt dár mbaill foirne a ndícheall a dhéanamh chomh fada agus is féidir.”

Míniú ár Róil

Is é atá i gceist le Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) ná Comhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh de réir an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú), a tháinig i bhfeidhm an 2 Nollaig 1999.

Ordaítear leis an Chomhaontú go gcuirfidh an CCSAE na beartais i bhfeidhm de réir mar a threoraíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) mar a shonraítear san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, mar a leasaíodh.

Leagtar mar chúram ar an CCSAE an ról mar Údarás Bainistithe agus Údarás Deimhnithe mar aon le Rúnaíocht Chomhpháirteach (RC) do na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020).

Tá ról leathan ag an CCSAE chun tacú le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sna Cláir Thrasnáisiúnta INTERREG VB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. I dteannta leis sin, tá ról mar chomhairleoir agus mar threoraí ag an FCSAE maidir le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sa chlár Idir-réigiúnach INTERREG VC.



Rannpháirtithe Óga sa chlár m-Power a mhaoinítear tríd an chlár PEACE IV.



Príomhéachtaí na Bliana 2020

Cuspóirí	Príomhthorthaí
<p>1. Torthaí na gClár PEACE agus INTERREG a bhaint amach agus cur lena dtorthaí, trí thacú le tionscadail a uasmhéadóidh an rannchuidiú a dhéantar leo leis an tsochaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Leithdháileadh 103.8% de chistiú INTERREG VA agus 106.1% de chistiú PEACE IV agus eisíodh 128 litir tairisceana do thionscadail. • Baineadh amach spriocanna na gclár INTERREG VA agus PEACE IV N+3 araon. • Mar gheall ar Phaindéim COVID-19, charbh fhéidir an oiliúint duine-le-duine a reáchtáil le linn na tréimhse ó Mhárta go mí na Nollag 2020. Cuireadh ábhar oiliúna ar líne ar fáil áfach, a ndearnadh é a chomhfhorbairt idir an tÚdarás Bainistithe, an tAonad Rialaithe Airgeadais agus an Rúnaíocht Chomhphárteach agus chuir an CSSAE ar fáil é.
<p>2. Barr feabhais a chinntiú i gcleachtas gnó an CCSAE trí phróisis éifeachtacha, éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialála corparáidí atá ceaptha chun riachtanais cuntasachta a shásamh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Déantar an Clár Riosca Chorporáidigh a uasdátú i dteannta na mball foirne go léir ar bhonn míosúil agus déanann an Coiste Iniúchta agus Urrúis Riosca athmheas air uair in aghaidh na ráithe. • Leanadh le cur i bhfeidhm na moltaí ón Mheasúnacht Feidhmithe (Tuarascáil Eatramhach), nuair ab fhéidir, le linn na bliana 2020. Cuireadh le forbairt an Chláir PEACE PLUS mar gheall ar roinnt de na moltaí. • Bhí na Tuarascálacha Bliantúla Feidhmithe (TBF) don dá chlár faoia ag an Choiste Monatóireachta Cláir agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad. • Bhuail Coiste Monatóireachta an chláir PEACE IV le chéile i mí na Samhna 2020 go fíorúil. • Bhuail Coiste Monatóireachta an chláir INTERREG VA le chéile i mí na Samhna 2020 go fíorúil. • Tá an tÚdarás Bainistithe ag leanúint le forbairt an Ardáin PEACE a thabhairt chun críche. Uirlis foghlama ar líne atá san Ardán atá mar thaisce eolais stairiúil agus sonraí maidir leis an uile thionscadal maoinithe ag na ceithre Thionscadal PEACE ar fad. Uirlis foghlama atá ann dóibh siúd a bhfuil suim acu i dtograí tionscadail a fhorbairt, staidéar a dhéanamh ar stair na gClár PEACE agus a dtionchar ar thógáil na síochána i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha cois teorann in Éirinn nó dóibh siúd atá páirteach go gníomhach i dtógáil na síochána ar fud an domhain. Seolfar le linn na bliana 2021 é.



Cuspóirí	Príomhthorthaí
<p>3. Obair i gcomhpháirtíocht le hiarratasóirí agus tairbhíthe lena chinntiú go gcuirtear tionscadail i bhfeidhm de réir na litreach tairisceana agus go dtugann siad faoi ról na gClár Trasnáisiúnta INTERREG VB agus na gClár Idir-réigiúnacha INTERREG VC.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Le linn na bliana 2020, d’obair an CCSAE chun páirtithe leasmhara sa réigiún a aithint go gníomhach agus chun dul i ngleic leo chun tionscadail a chur chun cinn le Tuaisceart Éireann agus comhpháirtíochtaí trasteorann. Áiríodh leo sin rannpháirtíocht le heagrais laistigh de TÉ maidir le Glao Speisialta le haghaidh COVID-19 ar Iarratas faoi Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Arctach. • Roimh dheireadh na bliana 2020, bhí 75 thionscadal san iomlán a raibh páirtí amháin ar a laghad faofa, agus 89 bpáirtí páirteach san iomlán. Gealladh €17,931,554 san iomlán mar dhearbhu do na páirtithe sin le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). • Chomh maith leis sin, lean an CCSAE leis an phróiseas Rialaithe Chéadleibhéil a bhainistiú do na páirtithe uile i dTuaisceart Éireann a bhí faofa de réir na gClár INTERREG VB/VC.
<p>4. Infheistíocht inár n-acmhainní daonna a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil baill foirne ar an eolas, ard-tiomanta, solúbtha agus tacúla; agus go dtugann siad fúthu foirne agus líonraí láidre a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Lean an CCSAE ag obair go dúthrachtach le linn na bliana 2020 lena chinntiú gur baineadh amach éifeachtúlacht sa ionad oibre agus gur sásaíodh spriocanna iocaíochtaí tráthúla. • Ba é 93.75% an ráta coinneála foirne sa CCSAE in 2020, i gcodarsnacht le 90% a bhí mar chuspóir againn. Ba é 9.09% an ráta aistríthe foirne, i gcodarsnacht le 20% a bhí mar chuspóir againn. • Maidir le rátaí asláithreachta, ba é 5.09% an Céatadán de Laethanta oibre a Cailleadh as Líon Iomlán na Laethanta Oibre, i gcodarsnacht le 4% a bhí mar chuspóir againn. Ba é 11.92 Meánlíon na Laethanta Oibre a Cailleadh in aghaidh an Fhostaí, i gcodarsnacht le 6.5 lá a bhí mar chuspóir againn. Aithnítear go sáraíonn na figiúirí sin na spriocanna comhaontaithe, ach in 2020 bhí rátaí asláithreachta ní b’airde ná mar is gnáth mar gheall ar roinnt fostaithe a bheith ag streachailt leis an bhreiteacht fhadtéarmach. • Go pointe, is é is cúis leis an laghdú sa ráta asláithreachta ná tionscnaimh a thug an CCSAE isteach i réimse na sláinte agus na folláine do bhaill foirne. D’obair an fhoireann AD go forleathan le Bainisteoirí, ag tabhairt tacaíochta agus oiliúna dóibh chun lucht saothair atá ag obair go cianda a bhainistiú. Garchabhróirí Meabhairshláinte iad beirt bhall den fhoireann AD agus b’acmhainn shárluachmhar é sin agus baill foirne ábalta leas a bhaint as an tacaíocht sin. Tá Clár Cúnaimh Fostaí (CCF) á sholáthar ag an CCSAE lena dtugtar rochtain ar réimse tacaíochtaí dár mbaill foirne, lena n-áirítear comhairleoireacht shaor in aisce, cabhrú oibre / saoil, tacaíocht coirp agus mhothúchánach, dúshlán folláine thar cheithre seachtaine, agus eolas agus treoir leighis. Is féidir le baill foirne an CCSAE an CCF a rochtain ar aip ar a ngutháin chliste lena dtugtar rochtain ‘am ar bith’ ar thacaíocht agus ar fhaisnéis. • Mar acmhainn bhreise do bhaill foirne, sheol an CCSAE ‘SEUPB Thrive’ le linn na bliana 2020. Mol idirghníomhach ar líne atá ann lena gcuideítear le baill foirne scileanna forbartha pearsanta a fháil a theastaíonn uathu chun feidhmiú go héifeachtach agus chun dul faoi bhláth d’ainneoin ghéarchéim an Choróinvírís. Le ‘Coronavirus Thrive’ leagtar béim ar an fholláine, agus tá cúrsaí tiomnaithe atá ceaptha chun cabhrú le baill foirne agus iad ag déileáil leis an strus agus chun feabhas a chur ar an athléimneacht agus ar an fholláine ina iomláine. Tá súil againn go bhfeicfear buntáistí na hacmhainne sin le linn na bliana 2021.



Forbhreathnú ar an Chlár PEACE IV

Is tionscnamh uathúil trasteorann é an Clár PEACE chun tacú le an tsíocháin agus leis an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha cois teorann in Éirinn (lena n-áirítear An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Lú, Muineachán agus Sligeach).

Rinneadh an chéad Chlár PEACE a chomhaontú in 1995 agus is é ba chúis leis sin ná uailmhian an Aontais Eorpaigh chun freagairt dhearfach i leith na ndeiseanna a cuireadh ar fáil tríd an phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann, na sosanna comhraic in 1994 san áireamh.


De réir mar a tháinig athrú ar an scéal, b'amhlaidh a tháinig athrú ar an Chlár PEACE nó go leanann sé ag imirt ról tábhachtach sa phróiseas a threisiú i dtreo sochaí níos comhghreamaithí agus níos seasmhaí.

Ceapadh an Clár reatha PEACE IV (2014-2020) chun tacú le páistí agus daoine óga, tionscnaimh oideachais chomhroinnte, caidrimh dhearfacha a thógáil idir pobail scartha agus spásanna agus seirbhísí comhroinnte nua a chruthú.

Tá neasluch de €270m luaithe leis, lena n-áirítear €229m (85%) mar ranníocaíocht ón CFRE agus €41m (15%) mar ranníocaíocht cómhainithe ó Rialtas na hÉireann agus ón Fheidhmeannas.

Roimh dheireadh na bliana 2020, bhí 96 thionscadal PEACE IV (Cabhrú Teicniúil san áireamh) faofa, arb ionann é sin agus €286.1m mar dhearbhuí fhoriomlán.

Sna scéalta a leanas, léirítear an tionchar atá ag an chlár chun pobail a tharraingt le chéile agus léirítear an dóigh ar éirigh le lucht tionscadal a gcuid seirbhísí a sholáthar le linn na paindéime.



Réimse Incháilithe Clár: Tuaisceart Éireann agus na contaetha cois teorann in Éirinn.



Tacaíocht dóibh siúd atá i mbun féinleithísliithe tríd an Phlean Gnímh PEACE i nDún na nGall

Tá cor a bheith 7,000 duine i ndiaidh bheith ag coinneáil gnóthach le pacáistí cúraim, atá á soláthar trí thionscnamh atá á réachtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Sna pacáistí, ar seachadadh go sábháilte iad a fhad le doirse na seandaoine, bhí bileoga gníomhaíochtaí; quizeanna; oidis; treoir aclaíochta; síolta ar mhaithe leis an gharraíodóireacht; sleachta athfhriotail inspreatha; agus seacláid, agus é sin ar fad d'fhonn folláine dhearfach a chur chun cinn le linn COVID-19.

Cuireadh tús leis an tionscnamh trí cheann de thionscadail na Comhairle, ar mhaoinigh an Clár PEACE IV de chuid an AE é, darbh ainm 'YOURS', ar tionscadal idirghlúine é a dhírigh ar dea-chaidrimh a cothú, agus a raibh daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois agus daoine os cionn 55 bliana d'aois páirteach ann.

Is é an sprioc atá le YOURS ná tuiscint agus meas níos treise a chur chun cinn idir na glúnta. Agus rath an-mhór a bheith ag na pacáistí tosaigh, leathnaíodh an smaoineamh agus tháinig Donegal Age Friendly (DAF) ar bord le cabhrú leis an tionscnamh.





Tacú le daoine óga le linn na dianghlasála

Gan aon amhras, is léir go bhfuil fíor-dhrochthionchar á imirt ag an dianghlasáil, agus ag na srianta a théann léi, ar dhaoine óga. Maidir leis na tionscadail a bhaineann le Páistí agus Daoine Óga agus ar mhaoinigh an clár PEACE VI iad, cruthaigh siad sin constaicí móra i dtaca le soláthar an chláir agus rannpháirtíocht.

Ach d'éirigh le gach tionscadal a theacht ar dhóigheanna úra cruthaitheacha chun teagmháil a choimeád lena dtairbhíthe agus chun tacú leo le linn na tréimhse an-deacair sin. Agus iad ag casadh go han-sciobtha, thiontaigh roinnt acu ar an tseachadadh tionscadail ar líne agus spreag siad daoine óga chun teagmháil a choinneáil eatarthu féin, chun aire a thabhairt dá meabharshláinte agus chun a dtairbhí phearsanta féin a chomhroinnt maidir leis an corr atá tar éis teacht ar an tsaol.

Chan fhuil sa mhéid seo a leanas ach roinnt dóigheanna a raibh tionscadail a bhaineann le Páistí agus Daoine Óga in inmhe athrú go rathúil.

- Thug an tionscadal TRANSFORM, a fuair €2.4m mar chistiú, faoin chur chuige Laethanta Sona: Scannán an Luain; Claochlú na Máirt (comhsheisiún leis an ghrúpa ó Fhear Manach); Dreas Traenála na Céadaoine; Camchuart ar an Domhan agus Foghlaim Ceard Déardaoin; agus An Aoine Spleodrach (lena n-áirítear quizeanna, ceol agus ardú feasachta maidir le feachtais áitiúla agus tiomsú airgid).
- Tríd an Tionscadal Tríú Spás, a fuair €3.9m mar chistiú, iarradh ar rannpháirtithe grianghraif, físeáin, pictiúir agus beochaintí speisialta a dhéanamh; agus é mar sprioc aige sin uile ceisteanna a chíoradh a bhaineann leis an fholláine phearsanta agus leis an tsaothránacht. (Mar chuid de dhúshlán idirghníomhach amháin rinne na rannpháirtithe iarracht t-léine a chur umpu féin le linn dóibh lámhsheasamh a choinneáil in éadan balla / dorais.)

- Sa tionscadal Youthscape, a fuair €3.9m mar chistiú, úsáideadh Nearpod mar uirlis chun ceachtanna a sholáthar i dtaobh réimse ábhar mar atá dea-chaidrimh agus scileanna saoil; Zoom chun cluichí Skribblo a imirt; agus crúscaí deimhnithe dhearfáigh, agus daoine óga ag líonadh na gcrúscaí le nótaí scríofa ar ar bhreac siad síos na rudaí a dhéanfaidh siad i ndiaidh na dianghlasála.
- Mar chuid den tionscadal Futures, a fuair €3.2m mar chistiú, thángthas ar bhuanna úra san amhránaíocht; sa líníocht; sna meáin dhigiteacha; sa bhacáil; agus sna healaíona agus sna ceird, agus rinneadh iad ar fad a chothú. (D'úsáid roinnt daoine óga a gcuid ama chun taithí oibre a ghnóthú trí obair dheonach leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte.)



Tairbhí é Louis ón tionscadal Futures, ar mhaoinigh an Clár PEACE IV é, rud a thug tacaíocht do dhaoine óga le linn na dianghlasála.



Clabhsúr leis an Housing Associations Integration Project (HAIP) a bhfuil duaiseanna buaite aige

Leis an tionscnamh tógála síochána, HAIP, a fuair €1.1m, leagadh teorainneacha ar bhonn creidimh agus cine, agus rinneadh pobail a theacht le chéile.

Agus é seolta in Iúil na bliana 2018, is tionscnamh uathúil trasteorann é a bhfuil sé mar sprioc aige dea-chaidrimh a chur chun tosaigh ar fud na gcumann tithíochta i limistéar an chláir.

Seachadadh é trí chomhpháirtíocht ina raibh ceithre cinn de na cumainn tithíochta is mó i dTuaisceart Éireann (Radius, Clanmil, Choice agus Apex) ag comhoibriú le TIDES Training, Cónaidhm na gCumann Tithíochta i dTuaisceart Éireann (CCTÉ), agus an Chomhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann.

Tráth a chríochnaíthe, bhí sé tar éis dul i ngleic le corr a bheith 1,700 tionónta i ngníomhaíochtaí tógála pobail, 700 níos mó ná mar a bhí beartaithe. Bhí breis agus 300 tionónta cláraithe le gníomhaíochtaí oiliúna neamhchreidiúnaithe agus bhain 100 rannpháirtí oiliúint chreidiúnaithe amach sna dea-chaidrimh ar Leibhéal 2 den OCN.

Leis an tionscadal seachadadh scéim nuálaíoch le haghaidh 12 chomharsanacht páirteach chun teacht le chéile mar chomhphobal trí dianphróiseas rannpháirtíochta pobail lena neartaítear an teagmháil agus an caidreamh idir daoine aonair agus pobail. Le linn COVID-19, lean lucht an tionscadail na spriocanna a shásamh, agus d'éirigh leo cuid mhór de na gníomhaíochtaí a aistriú ar líne.

Tugadh aitheantas don tionscadal ag searmanas gradam Institiúid Chairte na Tithíochta (ICT) áit ar bhuaigh siad sa chatagóir 'Níos Mó ná Bríci agus Moirtéal Amháin'. Chan amháin gur tugadh aitheantas do thionchar an chláir tógála síochána sna pobail i limistéar an chláir, ach rinneadh é a cheiliúradh.





Seoladh tionscadal úr meabharshláinte do pháistí agus do dhaoine óga

Trí ócáid uathúil fhíorúil, ar an 24 Meán Fómhair seoladh tionscadal úr ceannródaíoch tógála síochána, atá ceaptha chun tacú le meabharshláinte agus le folláine na bpáistí agus na ndaoine óga, ar an dá thaobh den teorainn.

Tá an tionscadal ar a nglaothar ‘Our Generation’ air agus a luaitear ‘Ag Teacht Aníos Níos Fearr le Chéile’ mar uas-cheannlíne faoi, a fuair €6.1m mar chistiú ón Chlár PEACE IV, á sheachadadh tríd an oideachas, agus i suíomhanna óige agus pobail ar fud Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear cúig Limistéar Sráidbhailte Uirbeacha, agus sna contaetha cois teorann in Éirinn.

Is comhpháirtíocht é an tionscadal atá á stiúradh ag Action Mental Health, i dteannta le Seirbhís Óige Dhún na nGall, Co-Operation Ireland, Youth Action NI, YouthWork Ireland, PlayBoard NI agus Ollscoil Uladh.

Aithnítear go bhfuil líon suntasach daoine fásta atá ina gcónaí ar fud an réigiúin ag streachailt le tráma a bhaineann leis na Tríoblóidí / leis an choimhlint; agus is léir ón taighde is déanaí gur féidir an tráma sin a aistriú ó ghlúin go glúin do dhaoine óga mar dheacrachtaí óige agus mar thráma, rud a fhágann go bhfuil neart daoine ag streachailt le droch-mheabharshláinte dá bharr.

Tá sé mar aidhm ag Our Generation 31,000 páiste agus duine óg a shroicheadh a rachaidh i ngleic leis an chlár a dhearadh agus a sheachadadh, lena n-áirítear soláthar tacaíochta piaraí, scileanna agus féinmhúinín a fhorbairt chun an fholláine a fheabhsú taobh istigh dá bpobail.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an tionscadal 5,000 príomhtheagmhálaí páistí agus daoine óga a shroicheadh, cuir i gcás tuismitheoirí, múinteoirí agus oibrithe óige ar mhaithe le cabhrú leo chun scileanna agus tuiscint fheabhsaithe a ghnóthú chun tacú le daoine óga. Agus COVID-19 ag teacht chun tosaigh go díreach ag tús an tionscadail, is léire ná riamh roimhe seo an gá atá leis.

“Ábhar mór imní é tionchar COVID-19 ar mheabharshláinte na bpáistí agus ndaoine óga. Ba dhoiligh tús a chur leis an tionscadal le linn na paindéime ach ba léir sobhlúbthacht na foirne le cláir a fhorbairt, dul i ngleic le hardáin dhigiteacha agus modhanna cumaisc a sheachadadh. Is iontach an t-aiseolas atá faighte againn go nuige seo,” a dúirt Carol Scullion, Bainisteoir Tionscadail Our Generation.



David Babington,
Príomhfheidhmeannach
Action Mental Health ag ócáid
sheolta an tionscadail Our
Generation.



An Tionscadal HEROES

Tionscadal ionchuimsitheach trasphobail agus trasteorann atá in Heroes lena dtugtar tacaíocht do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus dóibh siúd nach bhfuil tríd an fhorbairt phearsanta, an tsaoránacht agus dea-chaidrimh.

Le linn na bliana 2020, d’obair lucht an tionscadail go díograiseach chun a thairbhíthe óga a choinneáil ag gabháil. Léirigh baill foirne an athléimneacht agus an tsolúbthacht atá acu chun na dúshláin éagsúla a d’éirigh go díreach as an phaindéim a bhainistiú. Bhí siad ábalta leas a bhaint as a scileanna sárfeabhsaithe meantóireachta chun cuidiú leis na tairbhíthe agus iad ag déileáil lena n-amhras agus lena n-imní maidir le COVID-19, mar aon leis an uaigneas a mhothaigh siad le linn na dianghlasála.


Tar éis na srianta a mhaolú, d’éirigh leis an tionscadal modh cumaisc a sheachadadh ina raibh seisiúin forbartha pearsanta ar líne agus lasmuigh duine le duine. Deiseanna iontacha ab iad sin chun daoine óga a tharraingt le chéile go sábháilte agus chun cabhrú leo a gcairdeas a chruthaigh siad a neartú.

Bhí clár scéime samhraidh á reáchtáil ag an Fhóram Comhpháirtíochta Dhaimhinse, ar comhpháirtí seachadta an tionscadail HEROES é, le haghaidh na ndaoine óga ina raibh réimse gníomhaíochtaí spráilúla a bhí amuigh faoin aer de réir rialacha an scartha shóisialta.

Ghlac daoine óga páirt i roinnt gníomhaíochtaí a bhí bunaithe ar an ghníomh sóisialta le linn a dtréimhse mar chuid den tionscadal HEROES. Mar shampla, rinne grúpa atá lonnaithe i mBéal Feirste siúlóid urraithe in Eanáir. Roghnaigh siad an Tionscnamh Poiblí um Fhéinmharú agus Féindochar a Chosc (TPFFC) mar charthanacht acu, mar gheall ar cheisteanna a bhaineann leis an mheabharshláinte a raibh daoine óga sa phobal ag tabhairt aghaidh orthu, agus d’éirigh leo £1,400 a bhailiú mar chúnamh tacaíochta.



Rannpháirtithe an tionscadail a ghlac páirt sa tsiúlóid urraithe ar son TPFFC





Forbhreathnú ar an Chlár INTERREG VA

Leis an Chlár INTERREG spreagtar daoine óga as cúlraí éagsúla agus as tíortha difriúla chun teacht le chéile agus comhréitigh a aimsiú a rachaidh chun leasa a chéile. Fuair neart tionscadal éagsúil cistiú uaidh a bhíonn ag obair ar bhonn trasteorann, ar fud Thuaisceart Éireann, sna contaetha cois teorann in Éirinn agus in Iarthar na hAlban.


Leis na tionscadail seo táthar ag tabhairt cosanta dár dtimpeallacht chomhroinnte, ag feabhsú shláinte agus fholláine na ndaoine, ag laghdú astuithe carbóin agus ag cur feabhais ar ghnóthaí.

Ó thús an Chláir INTERREG IA in 1991 go dtí deireadh an Chláir INTERREG VA in 2020, beidh thart ar €1.13bn mar chúnamh tugtha don réigiún. As an fhigiúr sin, soláthraíodh thart faoi €810m go díreach ón Aontas Eorpach.

Tá an Clár reatha INTERREG VA (2014-2020) ceaptha chun comhtháthú níos treise eacnamaíoch, sóisialta agus críche a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann, na gcontaetha cois teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban.

Tá neasluch de €283m luaithe leis, lena n-áirítear €240m (85%) mar ranníocaíocht ón CFRE agus €43m (15%) mar ranníocaíocht cómhaoinithe ó Rialtas na hÉireann agus ón Fheidhmeannas. Roimh dheireadh na bliana 2020, bhí 32 thionscadal faofa (i ndáil le Cabhrú Teicniúil), agus baineadh amach €249.5m mar dhearbhuí foriomlán ón CFRE (go dtí deireadh na bliana 2020).

Sna scéalta a leanas, léirítear an tionchar atá ag an chlár chun leibhéal níos dlúithe de chomhoibriú trasteorann a fhorbairt, agus léirítear an dóigh ar éirigh le lucht tionscadal a gcuid seirbhísí a sholáthar le linn na paidéime.



Réimse Incháilithe Clár: Tuaisceart Éireann, na contaetha cois teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban.



Tagann gnólachtaí trasteorann le chéile chun aghaidh a thabhairt ar COVID-19

Tríd an tionscadal taighde agus nuálaíochta, Comh-nuáil, ar mhaoinigh an Clár INTERREG VA é, soláthraíodh €300,000 mar chúnamh do ghrúpa de 18 ngnólacht trasteorann chun an chuideachta neamhbhrabúis Hero Shield Ltd a bhunú, a raibh sé mar chuspóir aici cabhrú le suas le 70,000 cealtair aghaidhe a tháirgeadh in aghaidh na seachtaine d'oibríthe sláinte, ar an líne tosaigh in éadan COVID-19.

Agus é faoi stiúir ag IdirThrádáilÉireann, tá an Clár Comhnuáil ag tabhairt tacaíochta do bhreis is 1,400 micreaghnólacht ar fud limistéar an Chláir. I measc na dtacaíochtaí do ghnólachtaí áirítear: cistiú tionscadail chomhoibríoch; ceardlanna lena léiríodh an dóigh chun an nuálaíocht a tharraingt chuig an uile ghné den ghnólacht; measúnuithe gnó agus nuálaíochtaí agus comhairle ó shaineolaí ar bhun duine le duine chun cumais nuálaíochta a fhorbairt.

Ón bhunsmaoineamh ar 20 Márta 2020, d'obair an comhpháirtíocht trasteorann le chéile chun athearraíocht a bhaint as a saoráidí déantúsaíochta agus as a slabhraí soláthair le hullmhú don táirgeadh.

Ní raibh de thairbhí ag ceachtar de na comhpháirtithe cealtracha aghaidhe a tháirgeadh. I measc na n-ocht gcinn déag de chomhpháirtithe trasteorann, áirítear na cuideachtaí seo a leanas as Tuaisceart Éireann: Shnuggle Ltd; Crossen Engineering; Denroy Plastics; Minprint; agus Ad-Vance Engineering, mar aon le tacaíocht ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; agus i measc an ghrúpa Éireannaigh áirítear Xtrupak sa Chabhán agus Glen Dimplex i mBaile Átha Cliath.

Rinne na comhpháirtithe tionscadail an dearadh a chur ar fáil do chuideachtaí timpeall an domhain ar bhun 'foinse oscailte' ionas go bhféadtar an táirge a athchruthú cibé áit a bhfuil sé de dhíth.





Déanann bail foirne an tionscadail ón LILCT taighde COVID-19 a fhorbairt

Tugadh €8.2m mar chistiú ó chlár INTERREG VA do Lárionad Innealtóireachta Leighis na Conaire Thoir (LILCT) chun feabhas a chur ar mhodúlachtaí cúraim sláinte le haghaidh riochtaí sláinte cairdiacha trí bhuntaighde a dhéanamh agus trí fhorbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí ardáin atá dírithe ar an tráchtáil. San am i láthair tá taighdeoirí an tionscadail ag baint leas as an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht chun seachadadh cúraim sláinte a chlaohlú, chun an t-am a chaitear san otharlann a laghdú, agus chun cóir leighis a chur ar dhaoine ina dteach féin agus ina bpobal féin go sábháilte.

Chuaigh comhpháirtí ceannasach an tionscadail, Ollscoil Uladh, i bpáirt le Cuibhreannas Tástála Antasubstainte COVID-19. Mar lárionad ceannasach i dtaighde an leighis, ba léir do lucht foirne an LILCT agus dá bhaill foirne ar fud na Ríochta Aontaithe go raibh ról ríthábhachtach á imirt acu sa fhreagair náisiúnta don phaindéim. Agus iad ag obair ar an líne tosaigh go díreach le hothair, d'fhreagair Ollaimh don ghlaó dul i bpáirt leis an Chuibhreannas Tástála Antasubstainte de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe. Chuidigh siad le tástálacha antasubstainte a fhorbairt faoi choinne COVID-19 agus bhí siad páirteach i samhaltú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de spré agus de thionchar COVID.

Lena chois sin, seoladh Miontionscadail COVID-19 ón LILCT i mí Aibreáin, agus fuair siad lear mór iarratas as gach cearn den Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn. Bhí an LILCT ag lorg tograí a bhí ag teacht leis na limistéir réimse mar a aithníodh iad san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, lena n-áirítear soláthar trealaimh féinchosanta agus soláthar na bhfeisteas meardhiagnósice.

Críochnaíodh Miontionscadail uile an LILCT go rathúil agus chríochnaigh naoi gcinn de na cuideachtaí a bhí páirteach ann a dtionscadail a mhair 12 sheachtain. Cuireadh £300,000 san iomlán ar fáil faoin chlár, agus i measc na dtionscadal a fuair chistiú ón LILCT áirítear soláthar trealaimh úir féinchosanta le haghaidh ardán agus gléasanna le hinrochtaineacht Intleachta Saorga (IS), agus cruthú an bhunachair shonraí ghéanómaíoch is mó sa Ríocht Aontaithe, ar uirlis ríthábhachtach é le haghaidh taighdeoirí atá ag obair ar COVID-19 agus ar riochtaí eile.

I measc na naoi gcuideachta ar tugadh cúnamh dóibh faoinár Miontionscadail, áirítear: S2ACK Ltd; Ad-Vance Engineering Ltd; Pulse AI Ltd; ProAxis Ltd; 42 Genetics Ltd; Biopanda Diagnostics; Anaeko Ltd; Digital Care Systems Ltd; agus S3 Connected Health Ltd.

ECME COVID-19 RESPONSE – MINI PROJECTS



ecme
The Eastern Corridor Medical
Engineering Centre







Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund

CALL FOR PROPOSALS NOW OPEN

WWW.ECME-RESEARCH / MINI-PROJECTS



Tá an tionscadal trasteorann iSIMPATY á sheoladh ar líne


Rinneadh an tionscadal iSIMPATY, a fuair €3.5m mar chistiú ón chlár INTERREG VA de chuid an AE, a sheoladh ar líne an 5 Samhain. Tháinig Airí ó na trí dhlínse tionscadail i ndáil le gairmithe sláinte, comhpháirtithe poiblí agus tríú earráil ó limistéar an tionscadail chun an tionscadal a fhógairt, ar ócáid speisialta a reáchtáladh go fíorúil.

Tá an tionscadal cúraim shóisialta nuálaíoch ceaptha lena chinntiú torthaí barmhaithe maidir le húsáid leighis i measc na n-othar a bhfuil breis agus aon bhreiteacht fhadtéarmach amháin acu. Cuirfidh sé ar chumas othar incháilithe saol níos sláintiúla agus níos gníomhaí a bheith acu trí thacaíocht a thabhairt dóibh agus do chliniceoirí araon chun spriocanna réadúla a shainmhíniú agus a bhaint amach i dtaca le cóireáil druga trí athmheas leighis.

Is iad seo a leanas comhpháirtithe an tionscadail: Rialtas na hAlban, Seirbhís Náisiúnta Sláinte (SNS) na hAlban, Iontaobhas Sláinte agus Chúraim Shóisialta an Tuaiscirt, an Lárionad Nuálaíochta um Barrfheabhsaithe na gCógas (LNBC) i dTuaisceart Éireann agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn, agus an Rannóg um Oideasú agus Theiripic Éifeachtach de chuid Rialtas na hAlban mar chomhpháirtí ceannasach.

Le linn trí bliana an tionscadail, cuirfear oiliúint ar ghairmithe cúraim sláinte, ar fud na dtrí dhlínse, chun 15,000 athmheas leighis éifeachtach a sholáthar.

Bainfear amach na bunphrionsabail a bhaineann leis an Tríú Dúshlán Domhanda um Shábháilteacht na nOthar, An Chóireáil gan Dochar.



Na 7 gcéim i dtreo na polachógaisíocht cuí, deimhniú go bhfuil an t-othar sa cheartlár.



Grianghraf ina bhfuil oibrí tionscadail, Lisa Stewart, ag seachadadh ceacht fíorúil ó na haonaid oideachais do Bhunscoil Naomh Rónán.

Bealaí nua teagmhála faighte ag tionscadal feabhsaithe cáilíochta uisce ‘Ó Fhoirse go Sconna’

Tá tionscadal comhshaoil, atá cistithe ag an Chlár INTERREG VA de chuid an AE, i mbun forbairt a dhéanamh ar bhealaí úra teagmhála le feirmeoirí, múinteoirí, oibríthe deonacha agus bail an ghnáthphobail le linn na dianghlása.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an tionscadal ar a dtugtar ‘Ó Fhoirse go Sconna’ ónar seoladh ag deireadh na bliana 2017 é. I bhfianaise na srianta a bhaineann le COVID-19, thángthas ar dhóigheanna úra oibre chun leanúint leis an obair chun táirgí a sholáthar.

Is é atá mar bhunchuspóir an tionscadail ‘Ó Fhoirse go Sconna’, a fuair €4.9m mar chistiú, ná cosaint a thabhairt do cháilíocht an uisce in aibhneacha i ndobharcheantair thrasteorann na hÉirne agus na hAbhann Deirge, ar foinsí comhroinnte iad le haghaidh soláthar uisce óil.

Seoladh in Iúil na bliana 2018 é mar scéim feirmeoireachta trasteorann, tá sé mar chuspóir aige deontais a thabhairt d’fheirmeoirí a bhfuil an feirmeoireacht ar bun acu sa chuid sin de dhobharcheantar na hAbhann Deirge suas an abhainn ó Oibreacha Cóireála Uisce na hAbhann Deirge; deontais ar fiú £20,000 do ghnólacht atá bunaithe ar fheirm i dTuaisceart Éireann; agus ar fiú €23,000 do ghnólacht atá bunaithe ar fheirm in Éirinn. Leis an chineál sin deontais, tugtar cuidiú don feirmeoir athruithe beaga a dhéanamh i gcleachtas na feirmeoireachta, rud a bheidh mar bhuntáiste dá ngnólacht feirme féin, agus a chuideoidh le cosaint a thabhairt do cháilíocht an uisce san Abhainn Dhearg.

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le COVID-19, tá conraitheoirí talmhaíochta fós gníomhach sa dobharcheantar i ndiaidh eisiúna na dtreoirínite rialtais maidir leis an scaradh shóisialta agus le réamhchúram sábháilteachta. Tá feirmeoirí, ar eisíodh litreacha inar tugadh ‘cead le tosú’ dóibh cheana, ag leanúint leis an obair mar atá imfhalú stoca agus bánú fiailí i ndiaidh na dea-aimsire in Aibreán 2020 agus táthar ag tabhairt tacaíochta dóibh ar ghuthán, WhatsApp srl. nuair a chuirtear cuairteanna ar ceal de bharr na srianta a bhaineann le COVID-19.

Cuid thábhachtach den tionscadal atá san obair for-rochtana, agus tá neart cuairteanna scoile agus ceardlanna oideachasúla ag titim amach ar fud fad dhobharcheantair na hAbhann Deirge agus na hÉirne. Go nuige seo, ghlac thart faoi 1,636 páiste páirt i ngné amháin nó i ngné éigin eile de.

Mar fhreagairt don ráig, chuir lucht an tionscadail na cúig aonad oideachais ar líne, mar aon le nótaí don mhúinteoir agus físeáin teagaisc. I measc na n-aonad a áirítear, tá: cá háit as a dtagann á n-uisce; cad é mar a chruthaítear aibhneacha; cad é atá beo inár n-aibhneacha; cén dóigh a ndéantar aibhneacha a thruailliú; agus cad é mar a théann an t-uisce ón abhainn go dtí an sconna. Go nuige seo, tá an-tóir ar na haonaid oideachasúla i measc na scoileanna agus na ndaltaí.



Clár Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha

Mar chuid dá ról treoraithe, le linn na bliana 2020, d'obair an CCSAE i gcuideachta roinnt páirtithe leasmhara éagsúla ar fud an réigiúin chun tograí a chur chun cinn le Tuisceart Éireann agus comhpháirtíochtaí trasteorann.

Mar chuid den tacaíocht sin, bhí tairiscint comhairle agus treorach d'iarratasóirí féideartha maidir leis na ceithre Chlár VB agus VC lena n-áirítear: Clár an

Fhorimill Thuaidh agus Arctach, Clár Iarthuaisceart na hEorpa, Clár an Cheantair Atlantaigh agus Clár Interreg na hEorpa.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 75 thionscadal a raibh comhpháirtí acu i dTuisceart Éireann san iomlán faofa, agus bhí 89 gcomhpháirtí as Tuisceart Éireann faofa san iomlán.



Northern Periphery and Arctic Programme
2014–2020



EUROPEAN UNION

Investing in your future
European Regional Development Fund

Tionscadal inar cabhraigh comhpháirtí as Tuisceart Éireann le hardú feasachta maidir le hathrú aeráide

Tríd an Tionscadal CLIMATE tarraingíodh páirtithe leasmhara éagsúla le chéile chun cláir ar fud ceithre réigiún a sholáthar; Tuisceart Éireann, an tSualainn, Éire agus na hOileáin Fharó. Déantar é a mhaoiniú trí Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Arctach.

Thar aon ní eile, is é cuspóir an tionscadail ná feasacht faoin athrú aeráide a chur chun cinn agus a chur i bhfeabhas sna pobail tuaithe ar fhorimeall na hEorpa trí chur chuige atá bunaithe ar an eolas agus ar an phleanáil acmhainne inmharthana atá stiúrtha ag an phobal. Leis sin cuideofar le tionchar na haeráide a mhaolú amach anseo agus cuimseofar samhail thrasnáisiúnta chomhoibrithe; rud a chabhróidh le hullmhacht do bhainistiú imshaoil inbhuanaithe sna blianta atá amach romhainn.

Is é an plean gnímh atá ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin an chéad phlean gnímh áitiúil maidir leis an athrú aeráide a ndearnadh é a fhorbairt i dTuisceart Éireann. Tríd sin, cuirtear cas-staidéar ar fáil ónar féidir le húdaráis phleanála eile foghlaim uaidh faoin chur chuige is fearr agus faoi na modhanna is fearr le haghaidh na pleanála oiriúnaithe mar aon le heiseamláir den oiriúnú i mbun oibre.

Tá an tionscadal á stiúradh ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin, i dteannta le comhpháirtithe comhlachaithe mar atá Comhpháirtíocht Ceantair Tuaithe Dhoire (CCTD); agus Nasc Imshaoil Thuaisceart Éireann (NITÉ).

Áirítear comhpháirtithe Éireannacha, mar atá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Áirítear comhpháirtithe Eorpacha, mar atá: Ollscoil Lár na Sualainne; Bardas Sundsvall, an tSualainn; Bardas Harnosand, an tSualainn; agus Ollscoile na nOileán Fharó.



CLIMATE
Adapting to Change



Forbairt an Chláir Úir PEACE PLUS

Is clár úr trasteorann cistithe de chuid an AE é PEACE PLUS agus tá neasluch de €1bn luaite leis. Beifear ag cur leis an obair a rinneadh leis na Cláir PEACE agus INTERREG roimhe seo, agus tabharfar tacaíocht don tsíocháin agus don rathúnas ar fud Thuaisceart Éireann agus na gcontaetha cois teorann in Éirinn.

Ar mhaithe le hábhar an chláir úir a chruthú, reáchtáladh sraith imeachtaí chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc páirtithe leasmhara ag deireadh 2019 agus tús 2020. Reáchtáladh 16 imeacht phoiblí san iomlán, agus d'fhreastail corr a bheith 1,000 duine orthu. Chomh maith leis sin, reáchtáladh sé imeacht phoiblí ar leith le páistí agus daoine óga chun a gcuid tuairimí agus barúlacha a fháil amach maidir leis an chlár nua. Ag deireadh an phróisis, seoladh isteach 320 aighneacht don tsuirbhé chuig an CCSAE, roimh an spriocdháta i mí Feabhra 2020.

Ó thús phróiseas forbartha an chláir PEACE PLUS, ghlac an CCSAE cur chuige chucu féin a raibh comhpháirtíocht láidir ag baint leis ar gach leibhéal agus inar cuimsíodh go leor gníomhaithe éagsúla ón phobal. Tá ábhar an chláir úir go mór faoi thionchar na nithe seo a leanas:


- Creatlach an AE agus cuspóirí don uile chlár ar fud na hEorpa agus Páipéar Treoshuimh Teorann an AE;
- Tosaíochtaí agus spriocanna mar a leagtar amach in 'Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua', 'Tionscadal Éireann 2040' agus an Clár Rialtais;
- Próifíl shocheacnamaíoch limistéar an chláir, a ndearnadh í a choimisiúnú in 2019. (Tá iarthéacs curtha leis an tuarascáil seo ionas go gcuimseofar tionchair na haicíde COVID-19. Rinneadh tionchair na haicíde COVID-19 a mheas fosta i ngach téama de réir mar a rinneadh iad a fhorbairt.);
- Rannpháirtíocht dhéthaobhach le ranna rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn as ar eascraíodh Dréacht-chomhpháipéar Seasaimh Thuaidh/Theas maidir le croíghnéithe an Chláir PEACE PLUS. (Le linn na céime seo leanfar le cur

chuige seo na comhpháirtíochta den dréachtú go sonrach maidir le roghnú na n-idirghabhála, na dtáscairí aschuir agus na mbuiséad tascach do gach gné den chlár); agus

- Buaileadh le páirtithe leasmhara ó réimse leathan d'earnálacha ar gach leibhéal, lena n-áirítear gníomhaireacht reachtúla, rialtas áitiúil, ionadaithe gnó agus eagraíochtaí poiblí agus deonacha.

Tugtar tacaíocht do phróiseas forbartha an Chláir trí Mheitheal Stiúrtha Forbartha an Chláir (MSFC) ina bhfuil réimse leathan d'ionadaithe agus de shaineolaithe agus a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta chun treoir agus comhairle a sholáthar don CCSAE.

Tá sé beartaithe comhairliúchán poiblí a reáchtáil maidir le hábhar an chláir PEACE PLUS go luath in 2021. Is é cuspóir an chomhairliúcháin poiblí ná deiseanna a thabhairt do shaoránaigh, agus do na príomhpháirtithe leasmhara, chun a dtuairimí a chomhroinnt maidir le hábhar agus socruithe riaracháin an Chláir PEACE PLUS, torthaí an chleachtais Scagtha Cothromais agus an Mheasúnaithe Straitéiseach Imshaoil.



Grianghraf a rinneadh ag ócáid rannpháirtithe na bpáirtithe leasmhara i Halla na Cathrach, Béal Feirste.



An Teachtaireacht a Chur in Iúl in 2020

Glaó Cistiúcháin an Chláir PEACE VI - ‘An Comhtháthú Pobail tríd an Nuálaíocht Shóisialta’

Le linn Meán Fómhair, chuir an Fhoireann Teagmhála feachtas mionteagmhála le chéile agus chuir siad i bhfeidhm é ionas go spreagfaí iarratais ar cheann de na ghlaonna deiridh don Chlár PEACE IV. Thug na baill foirne cur chuige ilchainéil, trí fheachtas meán sóisialta íoctha a chruthú ar LinkedIn agus Facebook; mar aon le fógraí a chur sna nuachtáin laethúla i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn; spriocfeachtas ríomhphoist chuig breis is 260 iarratasóir féideartha; agus leathanach gréasáin a bhí saincheaptha don ghlaó cistiúcháin ar láithreán gréasáin an CCSAE.

Mar gheall ar shrianta imeasctha shóisialta, charbh fhéidir ceardlann a réachtáil don ghlaó cistiúcháin, dá bhrí sin chuir an Fhoireann Teagmhála seimineár ar líne ar siúl ina raibh idirghabhálacha réamhthairfeadta ó oifigigh rialtais Thuaidh agus Theas, saineolaí tionsclaíochta agus cur i láthair beo ó bhall na Rúnaíochta Comhpháirtí sa stiúideo. Ionas go spreagfaí cur chuige na comhpháirtíochta trasteorann ó iarratasóirí féideartha, cruthaíodh ‘cuardach comhpháirtí’ ar leathanach gréasáin an ghlaó cistiúcháin, rud ar éirigh go maith leis.

Bhí teachtaireacht láidir ag an ‘ghlaó chun gnímh’ san fheachtas LinkedIn agus Facebook araon, a bhí íoctha, agus san fheachtas orgánach sna meáin shóisialta. Cuireadh físteachtaireachtaí tacúla ar Twitter ó Airí na Ranna Cuntasacha in Oifig an

Fheidhmeannais agus sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal chun iarratasóirí a mhealladh chun an ghlaó cistiúcháin.



An tEagrán COVID-19 de Your EU! Magazine

Sa tsamhradh, chruthaigh Foireann Teagmhála an CCSAE eagrán speisialta den iris Your EU! Magazine, A bhí saincheaptha d’iarrachtaí na dtionscadal ar mhaoinigh na cláir PEACE IV agus INTERREG VA iad chun leanúint le soláthar a seirbhísí ainneoin na paindéime.

Cuireadh ar fáil ar líne é agus rinneadh é a sheoladh chuig líon mór páirtithe leasmhara de chuid an CCSAE.

Cliceáil [anseo](#) chun é a rochtain.





An Feachtas Interreg@30 sna Meáin Shóisialta

Ar mhaithe leis an bhliain 2020 a cheiliúradh mar chomóradh 30 bliana den Chlár INTERREG, chuir an Fhoireann Teagmhála feachtas íoctha 30 lá sna meáin shóisialta ar Facebook agus ar Twitter, i mí Mheán Fómhair, chun roinnt tionscadal a fuair cistiú ón Chlár INTERREG VA a léiriú ón am i láthair agus ón am a chuaigh thart.

Is iad bunspríocanna an fheachtais ná líon na n-amharc uathúil leathanaigh a mhéadú ar chuid na gcás-staidéar ar láithreán gréasáin an CCSAE mar aon le líon na n-amharc leathanaigh agus na síntiúsóirí leis an chainéal YouTube.

Faoi dheireadh an fheachtais, bhí ardú suntasach ar líon na gcuairteanna chuig cuid na gcás-staidéir ar láithreán gréasáin an CCSAE go 892 amharc uathúil leathanaigh i Meán Fómhair (i gcodarsnacht le 165 i Lúnasa) agus 414 amharc leathanaigh ar YouTube (i gcodarsnacht le 162 i Lúnasa).

Postálacha sna meáin shóisialta a úsáid chun an feachtas a chur chun cinn.

Cuntais Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

Faisnéis Chúlra

Is Comhlacht Feidhmithe Thuaidh/Theas é Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) atá á urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh an CCSAE ar 2 Nollaig 1999 de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1998 lenar bunaíodh comhlachtaí feidhmithe, a bhfuil an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 mar bhun agus thaca faoi.

Trí thuairisciú don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, is iad príomhchuspóirí an CCSAE ná roinnt Cistithe Struchtúracha de chuid an AE a riar, agus tríd sin chun tacú le réimse clár forbartha agus athghiniúna i dTuaisceart Éireann, i Réigiún na Teorann in Éirinn, agus in Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na nithe seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais i gCuid 7 d'Aguisín 2 i gComhaontú na Breataine-na hÉireann lena mbunaítear na Comhlachtaí Feidhmithe;
- Ordú ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear dó i Meamram Airgeadais an CCSAE; agus
- An Treoir a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a eisíodh an 19 Márta 2019 a sholáthraigh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá ag teacht leis an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Forbhreathnú Gnó / Príomhghníomhaíochtaí

Tugtar forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí an CCSAE agus ar fhorbairtí sa todhchaí sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá sé mar chúram ar an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) pleananna gnó a fhaomhadh ar son na heagraíochta.

Is é 2014-20 tréimhse reatha an chlár, agus rinneadh Clár PEACE IV agus INTERREG VA na Ríochta Aontaithe/na hÉireann a sheoladh go hoifigiúil go luath in 2016.

Torthaí don Bhliain

Leagtar amach ioncam agus caiteachas an CCSAE go mion ar leathanach 49. Is é barrachas don bhliain 2020 ná €nil (Stg £nil) - (2019: €nil (Stg £nil)).

Tháinig laghdú ar chaiteachas an chlár ó 2019 go 2020, mar thoradh ar íslithe in íocaíochtaí na gClár PEACE IV agus INTERREG VA.

Sócmhainní Seasta

Leagtar amach mionsonraí sócmhainní seasta i Nóta 8 do na Cuntais.

Le linn na bliana, bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le cruia-earraí agus bogearraí Teicneolaíocht Faisnéise (TF).

Taighde agus Forbairt

Ní raibh aon chaiteachas suntasach sa réimse sin.

Imeachtaí Tábhachtacha a Tharla i nDiaidh Dheireadh na Bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha ó bhí deireadh na bliana ann a raibh aon tionchar ar na Cuntais seo.

Tabhartais Charthanúla

Char thug an CCSAE aon tabhartais charthanúla le linn na bliana airgeadais.

Baill an Bhoird

Tá feidhmeanna an CCSAE á bhfeidhmiú ag an Phríomhfeidhmeannach. Chan ann do bhaill an bhoird.

Chan fhuil de stiúthóireachtaí eile ná de leasanna eile ag an Phríomhfeidhmeannach a thrasnódh a freagrachtaí bainistíochta.



Soláthraithe a Íoc

Tá an CCSAE tiomnaithe d'íocaíochtaí prasa bílí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir an Achta um Íocaíocht Dhéanach na bhFiacha Tráchtála (Ús) 1998, mar a leasaítear leis an Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach na bhFiacha Tráchtála 2013, agus leis an Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2013 in Éirinn.

Mura ndéarfad a mhalairt sa chonradh, tá an íocaíocht dlite faoi cheann 30 lá ó fháil na n-earraí nó na seirbhísí, nó ar admháil sonraisc bhailí nó éilimh chomhchosúil, cibé acu is déanaí.

Cuireann an CCSAE riail phras íocaíochta 30 lá i bhfeidhm ar fud a oifigí uile, beag beann ar an dlínse as a dtagann an bille. Mar thoradh ar athbhreithniú rialta le fáil amach cé chomh pras is a íocann an CCSAE a bhíil, fuarthas gur íocadh 98.50% de na bílí roimh an sprioc-am (2019 - 99.17%).

I mí na Nollaig 2008, tugadh treoir do Chomhlachtaí Poiblí i dTuaisceart Éireann chun tacú le gnólachtaí chomh fada agus is féidir trí íocaíochtaí a sheoladh chuig soláthraithe faoi cheann 10 lá ó fháil shonraisc bhailí. Le linn na bliana 2020, d'íoc an CCSAE 95.6% dá shonraisc faoi cheann 10 lá (2019: 96.11%).

D'aontaigh an CCSAE glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha maidir le híocaíocht Deontas le Ranna Cuntasacha d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh chuig tionscadail tríd an Údarás Deimhnithe. Cuireann sé sin d'iallach ar an CCSAE íocaíochtaí a dhéanamh chuig tionscadail faoi cheann 8 lá oibre ó thugann an tÚdarás Deimhnithe faomhadh don tuarascáil tionscadail comhfhreagrach. Baineadh é sin amach i gcás **99.7%** (2019 - 100%) de na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, mar a anailísítear thíos:

	Líon na Sonraisc	% faoin sprioc-am	Íocaíochtaí Déanacha
PEACE IV	659	99.4%	4
INTERREG VA	575	100.0%	0
Iomlán	1,234	99.7%	4

An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Rinne an CCSAE Beartas Sláinte agus Sábháilteachta scríofa a fhorbairt agus a scaipeadh i measc na mball foirne. Tagann an beartas le ceanglais dhlíthiúla atá le comhlíonadh i dtaca le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse ionas go mbainfidh an FCSAE ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta amach laistigh den eagraíocht.

Fostaithe Míchumais

Ráiteas ina leagtar amach gealltanas na heagraíochta chun a gceanglais reachtúla a chomhlíonadh atá sa Bheartas Gnímh Míchumais de chuid an CCSAE atá ag teacht le hAlt 49A den Acht in Aghaidh Idirdealú ar Bhonn Míchumais 1995.

Sa phlean tugtar breac-chuntas ar bhearta lena gcinnteoidh an CCSAE go mbainfeadh amach comhionannas deiseanna, ní hamháin i dtaca lena fhostaithe féin ach fosta i dtaca le hiarratasóirí agus fostaithe sa toadhchá. Déantar an plan a athmheas agus a uasdátú gach trí bliana de réir amchlár na Pleanála Corparáide de chuid an CCSAE.

Tá an CCSAE tiomanta chun dínit agus meas a thabhairt don uile bhall foirne agus d'iarratasóirí fostaíochta a bhfuil míchumas acu, agus cuirfeadh ar fáil timpeallacht oibre atá saor ón idirdhealú neamhdhleathach, ón íospairt nó ón chiapadh ar bhun míchumais.



Go sonrach, déanfaidh an CCSAE na nithe seo a leanas:

- Timpeallacht dearfach oibre a chur chun cinn ina nglacfar le daoine míchumais go héasca.
- Timpeallacht agus cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú go bhfaighfear réidh le bacainní a bhfuil impleachtaí acu ar chumas na mball foirne a bhfuil míchumas acu páirt a ghlacadh go hiomlán i saol an CCSAE, nuair is féidir;
- Timpeallacht oibre shábháilte a sholáthar;
- Forbairt scileanna agus acmhainneachta a chinntiú do bhaill foirne a bhfuil míchumas acu, tríd an oiliúint agus trí fhorbairt na mbaill foirne; agus
- Rochtain a sholáthar do réimse iomlán na ndeiseanna fostaíochta agus forbartha gairme do dhaoine a bhfuil míchumas acu.

Leis an Phlean Gníomhaíochta Míchumais reatha, cuimsítear an tréimhse 2020-2025. Tagann an plean le gealltanais straitéiseacha i gcomhair ceisteanna míchumas a áiríodh inár bPlean Corparáideach 3 Bliana 2020-2022.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Coinníodh fostaithe ar an eolas faoi athruithe go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear cruinnithe foirne, meithil oibre foirne ad hoc, agus imeachtaí struchtúrtha bliantúla a bhaineann leis an phleanáil chorparáideach. Déantar cumarsáid an uile bheartais foirne a bhainistiú trí thairseach ar líne, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil cothrom le dáta..

GINA MCINTYRE

Príomhfheidhmeannach

Comhlacht na gClár Speisialta AE

Déardaoin, 7 Deireadh Fómhair 2021



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tá treorú tugtha don CCSAE ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun ráiteas na gcuntas a ullmhú do gach bliain dar chríoch 31 Nollaig de réir mar a leagtar amach sa treoir cuntas san aguisín a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Déantar na cuntais a ullmhú ar bhun fabhráithe agus ní mór dóibh cuntas fíor agus cothrom a thabhairt ar staid reatha an CCSAE ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, athruithe sa chothromas, agus sa tsreabhadh airgid i gcomhair na bliana féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú ag an CCSAE, ceanglaítear air na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Breathnú ar an treoir cuntas atá eisithe ag na Ranna Coimircíochta, lena n-áirítear na ceanglais ábhartha a bhaineann leis an chuntasaíocht agus leis an fhaisnéisiú, agus ní foláir dó beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhun comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus tuairimí a dhéanamh ar bhun réasúnta;
- A mhaíomh cé acu ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár leanadh, agus aon athrú ábharach a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin mura bhfuil sé fóirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Comhlacht i mbun feidhmithe.

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh toisc gur ise an Duine Cuntasach don CCSAE, lena n-áirítear freagracht i gcomhair nósmaireacht agus rialtacht an airgid poiblí agus i gcomhair taifid dhílis a choinneáil.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Réamhrá

Sa Ráiteas seo i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais i gcomhair Chomhlacht na gClár Speisialta AE na struchtúir speisialta, bainistiú priacail agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm san eagraíocht le linn na bliana airgeadais 2020 agus go dtí dáta deimhnithe na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas. Rinneadh an ráiteas seo a ullmhú de réir treoraithe eisithe ón Roinn Airgeadais (RA) agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in 2017.

Raon na Freagrachta

Mar Oifigeach Cuntasach, is ormsa a leagtar an fhreagracht córas slán rialaithe inmheánaigh a choinneáil lena dtacaítear le beartais, spriocanna agus cuspóirí an CCSAE a bhaint amach, agus cistiú poiblí agus sócmhainní an CCSAE a chosaint a bhfuil mise freagrach astu, de réir na bhfreagrachtaí a shanntar domsa in Bainistiú Airgid Phoiblí i dTuaisceart Éireann agus Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifigí Rialtas na hÉireann).

Sa Mheamram Airgeadais (2019) idir an CCSAE agus na Ranna Coimircíochta, leagtar amach go mion freagrachtaí an Oifigigh Chuntasigh (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), laistigh de chreatlach airgid agus ghnó. Ní foláir don CCSAE feidhmiú taobh istigh de na caighdeáin agus den treoir maidir leis an chuntasaíocht agus nósanna imeachta airgeadais, mar a leagtar amach in Bainistiú Airgid Phoiblí (TÉ) agus in Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí in Éirinn.

Rialachas agus Struchtúr Bainistíochta an CCSAE

Is é atá i gceist le Comhlacht na gClár Speisialta an AE (CCSAE) ná ceann amháin de na sé chomhlacht thrasteorann a bunaíodh de réir an “Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) lena mbunaítear comhlachtaí

feidhmithe”, a síníodh ar 8 Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann, an 8 Márta 1999).

Ós Comhlacht Feidhmithe Thuaidh/Theas é Comhlacht na gClár Speisialta an AE tá sé á urrú ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. I gcomhair thréimhse cláir an AE 2014-2020, déanann sé Clár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE) agus an Clár INTERREG (Tuaisceart Éireann, Éire agus Iarthar na hAlban) a bhainistiú.

Struchtúr Eagraithe

Le linn na tréimhse a chuimsítear leis an Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí struchtúr an CCSAE bunaithe ar na trí Stiúrthóireacht, mar a shonraítear thíos:

Údarás Bainistithe

Freagracht fhoriomlán maidir leis na Cláir Comhoibrithe a bhainistiú agus a i cur bhfeidhm. Tá roinnt freagrachtaí aige, lena n-áirítear:

- Cinnte a dhéanamh go roghnaítear tionscadail ar bhun critéar atá faofa ag Coiste Monatóireachta an Chláir;
- Nósanna imeachta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go ndéantar caiteachas tionscadail a thabhtú, a éileamh agus a íoc go ceart agus go dleathach;
- Córais a choinneáil d’fhonn sonraí a choimeád faoin uile ghné de chur i bhfeidhm an chláir, lena n-áirítear bainistiú airgeadais, iniúchadh, monatóireacht agus athbhreithniú;
- Measúnú ceart ar na cláir a chinntiú;
- Treorú a thabhairt d’obair an Choiste Monatóireachta, agus cáipéisí a sholáthar dó a theastaíonn uaidh lena gceadaítear dó dul i mbun a feidhmithe;
- Dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a dheimhniú, agus cinnte a dhéanamh go gcoimeádtar conairí iniúchta iomchuí;

Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

- Tuarascálacha bliantúla agus airgeadais a ullmhú maidir le cur i bhfeidhm; agus
- Deimhniú go sásaítear ceanglais faisnéise agus phoiblíochta mar atá leagtha amach ag na Rialúcháin Eorpacha.

An Rúnaíocht Chomhpháirteach

Déantar forbheathnú ar chur i bhfeidhm laethúil na gClár PEACE IV agus INTERREG VA, agus tugtar tacaíocht agus treoir agus Údarás Bainistithe agus do Choistí Stiúrtha na gClár araon. Tá an tAonad um Thacaíocht Chláir taobh istigh den Rúnaíocht Chomhpháirteach freagrach as measúnú tionscadail; soláthar seirbhísí rúnaíochta do na Coistí Stiúrtha; conarthaí a eisiúint d'iaratasóirí rathúla; agus don bhainisteoir tionscadail.

Seirbhísí Corparáideacha

Corpraítear réimse ról difriúil lena dtugtar tacaíocht do chur i bhfeidhm na gclár. Laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha an CCSAE tá Foinne Teagmhálacha, Teicneolaíochta Faisnéise agus Chumarsáide (TFC), Airgeadais Corparáidigh agus Acmhainní Daonna (AD). Cuid lárnach den stiúthóireacht atá san Údarás

Deimhnithe a bhfuil sé mar chúram air deimhniú na n-éileamh caiteachais ar fad a chuirtear faoi bhráid Choimisiún an AE lena chinntiú an incháilitheacht de réir Rialacha an AE agus Rialacha Náisiúnta.

Rialaíonn sé clár an tsreabhaidh airgid, lena n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh do na príomh-chomhpháirtithe, íostarraingt cistithe ón Choimisiún Eorpach agus aisíocaíocht dá éis do gach Ballstát.

Creatlach Riaracháin

Le linn na bliana 2020, bhuaill Coiste Iniúchta agus Urrúis Riosca an CCSAE le chéile cúig huairé agus rinne siad machnamh ar réimse ceisteanna, lena n-áirítear córais an rialaithe inmheánaigh laistigh den CCSAE. Dhíluchtáigh an Coiste a fhreagrachtaí maoirseachta de réir na dTéarmaí Tagartha agus tá na scileanna riachtanacha (lena n-áirítear riarachán, tuairisciú airgeadais, bainistiú priacail, iniúchóireacht, planáil straitéise agus tuiscint ar phríomhfheidhmeanna na heagraíochta) aige chun a fhreagrachtaí a dhíluchtú go héifeachtach.

Is é seo a leanas ballraíocht an Choiste Iniúchta agus Urrúis Riosca le linn na bliana mar a bhí:

Ainm	Márta	Meitheamh	Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig
Gerry Finn (Cathaoirleach Neamhspleách)	✓	✓	✓	✓	✓
Brona Slevin (Cathaoirleach Neamhspleách)	✓	✓	✓	✓	✓
Gerry Ryan (Cathaoirleach Neamhspleách) (Thosaigh i Meitheamh 2020)		✓	✓	✗	✓
Frank Duffy (Ball ón Roinn Airgeadais) (D'éirigh as i Márta 2020)	✓				
Dominic McCullough (Ball ón Roinn Airgeadais) (Thosaigh i Meitheamh 2020)		✓	✓	✗	✓
Anne Marie Caulfield (Ball ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe)	✓	✓	✓	✓	✓



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Le cois bhaill an choiste a luadh thuas, d'fhreastail na daoine seo a leanas ar na cruinnithe:

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- An Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha;
- Cuntasóir Corparáideach;
- Ionadaí ó Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann;
- Ceannaire na hIniúchta Inmheánaí; agus
- Ceannaire an Údaráis Iniúcháireachta.

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste ina iomláine ina Théarmaí Tagartha, agus ina measc sin áirítear comhairle a soláthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na próisis straitéise priacail, rialaithe agus riaracháin;
- Na cuntais, beartais chuntasaíochta agus Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíocht réamhphleanáilte na hiniúchta inmheánaí agus seachtraí;
- Beartais fhrithchialaoise, beartais sceithireachta, agus socruithe le haghaidh iniúchtaí speisialta; agus
- Deimhnithe maidir le rialú agus bainistiú na gClár AE.

Ar mhaithe leis na freagrachtaí sin a dhíluchtú, tagann an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht féin agus faigheann baill uile an Choiste miontuairiscí ó phríomhchruinnithe na mball foirne sinsearach.

Ullmhaíonn an Coiste Tuarascáil Bhliantúil chun achoimriú a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí le linn na bliana, agus chríochnaigh siad go bhfuil an rialú priacail agus an rialachas ar leibhéal sásúil taobh istigh den CCSAE.

An Phleanáil Ghnó agus Bainistiú Priacail

An Phleanáil Ghnó

Laistigh den CCSAE, is próiseas atriallach í an phleanáil ghnó ina gcuimsítear roinnt céimeanna lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Breathnú ar thosaíochtaí ábhartha mar a leagtar amach iad i Rialacháin an AE, sna Cláir Comhoibríthe le haghaidh PEACE IV agus INTERREG VA, Pleananna Corparáideacha agus Gnó gach Roinne Coimircíochta mar aon le freagrachtaí reachtúla eile a leagtar mar chúram ar an eagraíocht;
- Athbhreithniú ón Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí ar an fheidhmíocht i gcodarsnacht le cuspóirí na bliana roimhe agus Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus réimsí a aithint ina bhféadfaí tuilleadh oibre a dhéanamh;
- Athbhreithniú ar aiseolas ó chomhairlíocháin le páirtithe leasmhara;
- Ullmhúchán ar chéad dréacht an Phlean Gné i gcomhair breithnithe ó na Ranna Coimircíochta;
- Breithniú ar mholtaí ó na Ranna Coimircíochta agus aighniú na dréachta deiridh den Phlean Gné le haghaidh fhaomhadh ón CATT; agus
- Cuspóirí agus spriocanna a shuí ar leibhéal an bhaill foirne aonair tríd an phróiseas breithmheasa foirne.

Bainistiú Priacail

Tá an chreatlach um Bainistiú Priacail ceaptha chun priacal a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas chun gach priacal teipe a dhíothú d'fhonn na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach; dá bhrí sin ní fhéadann sé ach cinnteacht réasúnach, seachas cinnteacht fhoriomlán, a sheachadadh.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Taobh istigh den CCSAE, tá an Bainistiú Priacail ceaptha le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Na priacail a aithint agus a chur in ord tosaíochta ar mhaithe le spriocanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach;
- Measúnú a dhéanamh ar dhóchúlacht na bpriacal sin a bheith fíoraithe agus ar an tionchar a bheadh ann dá bhforófaí iad; agus
- Iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go geilleagrach.

Leagtar amach an chreatlach um Bainistiú Priacail sna cáipéisí seo a leanas atá faoi réir ag athbhreithniú rialta:

- Straitéis um Bainistiú Priacail;
- Ráiteas maidir le Inghlacthacht Phriacail
- Clár Riosca Chorparáidigh.

Le cois na gcáipéisí thuas, chruthaigh an CCSAE Clár Riosca Chorparáidigh a bhaineann go dlúth leis na priacail a eascraíonn as an phaindéim COVID-19.

Tugtar grádú priacail do gach priacal atá bunaithe ar mheasúnú ar a thionchar agus a dhóchúlacht in dhá chéim:

1. Measúnú an phriacail bhunúsaigh sula n-aithnítear aon rialuithe; agus
2. Measúnú an phriacail iarmharaigh, agus an fhreagairt reatha priacail agus rialuithe agus an plean gníomhaíochta is gá á gcur san áireamh.

Ansin déantar comparáid idir grádú an phriacail iarmharaigh agus an inghlacthacht priacail lena mbunaítear leibhéal inghlactha priacail i leith gníomhaíocht ghnó ar leith. Má mheastar nach bhfuil na rialuithe inghlactha chun an priacal a bhainistiú laistigh den inghlacthacht phriacail, aithneofar bearta breise chun na rialuithe sin a neartú.

Leis an Chlár Riosca Chorparáidigh aithnítear na príomhphriacail a bhaineann go díreach le cuspóirí corparáideacha an CCSAE agus nasctar leis an Phlean Gnó bliantúil é. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Shinsearaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí, le chéile uair sa mhí chun athbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar an Chlár Riosca Chorparáidigh lena chinntiú go bhfanann sé ábhartha. Déannann sé machnamh ar phriacail úra a aithníodh trí shruth bainistíochta agus ar athruithe sa timpeallacht oibríthe agus ar na gníomhaíochtaí is gá d'fhonn iad a mhaolú mar aon le rath na ngníomhaíochtaí a tugadh chun aghaidh a thabhairt ar na priacail atá ann cheana. Déantar an Clár Riosca Chorparáidigh a athmheas go mion ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Urrúis Riosca.

Ag deireadh na bliana, sa Chlár Riosca Chorparáidigh cuimsíodh priacail a bhaineann leis na nithe seo a leanas; stádas oibríochta an bhunachair shonraí, bainistiú acmhainní, tionchar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, sábháilteacht sonraí, RGCS, clú na heagraíochta agus an phaindéim COVID-19.

Le linn na bliana 2020, bhain an priacal ag deireadh na bliana i gcomhair an bhunachair shonraí don Chóras Bainistíochta Éigeandála (CBÉ) le feidhmiú an chórais agus leis an dóigh a mbeadh tionchar diúltach ag aon neamhéifeachtúlacht ar na cláir agus dá réir sin ar chlú an CCSAE. Leanfaidh muid orainn ag obair le ríomhchláraitheoirí an chláir agus le húsáideoirí éagsúla an chórais araon chun réimsí an drochfheidhmithe a aithint d'fhonn aon cheisteanna a réiteach amach anseo.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Leanfaidh an CCSAE le monatóireacht a dhéanamh ar réimsí riachtanais, agus le hacmhainní a chur ar fáil dóibh, rud a theastaíonn lena chinntiú le go soláthrófar seirbhísí na heagraíochta go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Tá an priacal a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach aitheanta ar chlár na bpriacal go fóill agus leanfaidh an CCSAE ag déanamh monatóireachta ar an phriacal go dtí go n-aontófar ar mhionsonraí an imeachta.

Creidtear go bhfuil tábhacht ag baint leis an phriacal a bhaineann le cloí na heagraíochta le ceanglais an RGCS de bharr na bpiónas a d'fhéadfadh a thabhu dá dteipfí cloí leis na rialacha. Ag deireadh na bliana, bhí an priacal dírithe ar thionchar an aistrithe sonraí mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe chun an tAontas Eorpach a fhágáil. Tá an Comhlacht sásta go bhfuil na próisis agus na nósanna imeachta i bhfeidhm, ach de bharr chastacht na rialachán beartaíodh an priacal a choinneáil faoi athbhreithniú corparáide go cionn scaithimh.

Is eagraíocht é an CCSAE atá i mbun gníomhaíochtaí ardphróifíle. Mar thoradh air sin, ardaíodh an priacal a bhaineann le dochar clú féideartha don eagraíocht ar an Chlár Riosca Chorparáidigh chun a stádas ardtosaíochta san eagraíocht san iomlán a choinneáil.

Eascaíodh an priacal a bhaineann le sábháilteacht sonraí as an ionsaí nirt bhrúidiúil a rinneadh ar an Chomhlacht in Iúil 2020. Tá trí chóras shonracha faisnéise á bhfeidhmiú ag an CCSAE; CBÉ, ina gcoinnítear na sonraí oibríochta i gcomhair na gClár PEACE IV agus INTERREG VA; SUN, córas airgeadais an CCSAE agus TrIM, Córas um Ríomhbhainistiú na gCáipéisí agus na dTaifead. Rinneadh gach córas a thástáil agus tá rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le faisnéis. Mar thoradh ar an ionsaí in Iúil, rinne an CCSAE a bhonneagar slándála a threisiú trí theicneolaíocht úr balla dóiteáin a cheannach agus tá muid i mbun córas úr monatóireachta a fháil lena

mbreactar iarratas rochtana córais ó sheoltaí fearainn seachtracha.

In 2020 tháinig an phaindeim COVID-19 chun an tsaoil. Ní raibh an CCSAE slán ó thionchar na paindéime. Ó Mhárta 2020, bhí na baill foirne go léir ag cianobair mar gheall ar na bearta dianghlása a cuireadh i bhfeidhm ar fud oileán na hÉireann. Mar gheall ar an phriacal a ardaíodh chuig an Chlár Riosca Chorparáidigh aithníodh an poitéinseal go bhféadfadh na seirbhísí atá á soláthar ag an CCSAE a bheith faoi drochthionchar na socrúithe nua.

Baineann an CCSAE leas as faisnéis ó roinnt foinsí sonraí agus córas atá á bhfeidhmiú ag an Chomhlacht. I dtaca le méadrachtaí feidhmiúcháin, tá sé mar dhearbhu don CCSAE gur córas é an CBÉ a úsáidtear ar fud an AE chun faisnéis chláir a bhainistiú agus rinneadh athbhreithniú ar dhaincne an chórais mar chuid den tsonrú. Cinneann na sonraí a bhaineann le hAirgeadas agus AD ó chórais atá faoi réir ag grinnscrúdú rialta ag Seirbhís Inmheánach Iniúchta an CCSAE. Mar gheall ar fhaisnéis a fhaigheann lucht Bainistíochta Shinsearaí an CCSAE ó na córas sin ceadaítear dóibh a ndualgais i leith a n-oibleagáidí déanta cinní agus cuntasachta a dhíluchtú.

Riosca Calaoise agus Riosca Faisnéise

Riosca Calaoise

Tá roinnt beartas i bhfeidhm ag an CCSAE atá ceaptha chun an priacal calaoise a íoslaghdú. Áirítear leo seo:

- Beartas Frithchalaoise;
- Beartas um Choinbhleacht Leasanna;
- Treorú maidir le Tairiscint agus Glacacht Bronntanas agus Fáilteachais;
- Treorú maidir le Soláthar Bronntanas agus Fáilteachais;
- Beartas Sceithireachta agus an treoir atá bainteach leis (Ábhar Imní a Ardú); agus
- Cód Iompraíochta do Bhaill Foirne.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Bunaíodh nósanna imeachta atá bainteach leis le cabhrú le calaois a chosc agus le calaois iarbhír nó fhéideartha a bhainistiú, lena n-áirítear:

- Nósanna imeachta a bhaineann le hÉilimh Aisíocaíochta Taistil agus Maireachtála; agus
- Plean Freagartha Calaoise.

Tá an CCSAE tiomanta do chalaos a chosc agus do chultúr frithchalaos a chur chun cinn. Tá dearcadh neamhfhulaingthe i bhfeidhm san eagraíocht agus ceanglaítear ar bhaill foirne, ar na Príomh-chomhpháirtithe agus ar thairbhíthe críochnúla bheith ag gníomhú ar bhonn macánta ionraic i gcónaí agus chun gach amhras réasúnach calaoise a thuairisciú. Déanfaidh an CCSAE iniúchadh ar gach cás de chalaos iarbhír, d'iarracht chalaos agus de chalaos amhrasta agus déanfaidh sé iarracht cistithe agus sócmhainní a cailleadh de bharr calaoise a aisghabháil. Tá an CCSAE ag cur béim shoiléir ar chalaos a chosc agus chuir sé tús le sraith cleachtaí chun cultúr frithchalaos a chur chun cinn laistigh de na Cláir. Tá Feasacht Chalaos mar chuid de Chlár Oiliúna an CCSAE ar seachadadh do bhaill foirne in 2019 é. Bainfidh an CCSAE leas as an uirlis mianadóireachta sonraí ARACHNE mar chuid dá shraith de nósanna imeachta frithchalaos.

Nuair is iomchuí, mar fhreagairt do cheisteanna dáiríre, tarraingeoidh an CCSAE siar tairiscintí cistithe agus eiseoidh sé orduithe aisghabhála chuig na Príomh-chomhpháirtithe, agus cuirfidh sé na húdaráis ábhartha ar an eolas de réir mar is gá. In 2020, rinne an CCSAE iniúchadh ar chás ina raibh calaois amhrasta i gceist ar cuireadh tús leis trí sceithreachta ó bhall an phobail. Fuarthas fianaise inar léiríodh go ndearna an t-eagras idir chamáin cáipéisí a bhréagnú don rian iniúchta taighde le haghaidh míre caiteachais. Char íocadh aon airgead don eagras i dtaca leis an mhír caiteachais sin. Soláthraíodh fianaise don SPTÉ a rinne an cinneadh gan an cás a thabhairt chun tosaigh. Tá an t-eagras anois i mbun athbhreithniú cuimsitheach de phróisis agus nósanna imeachta agus ní mór dó freagairt go foirmiúil don CCSAE trí ghníomhartha molta a thabhairt dúinn

chun an scéal a réiteach.

Riosca Faisnéise

Aithním an fhreagracht a leagtar orm maidir leis an uile fhaisnéis a láimhseáil go cruinn agus go sábháilte, agus faisnéis a thaifead agus a phróiseáil go beacht, go háirithe i gcás go bhféadfaí go mbainfeadh tríú páirtithe úsáid as, nó i gcás go bhféadfaí go mbraithfeadh codanna eile rialtais uirthi. Ar mhaithe leis an fhreagracht seo a dhíluchtú go héifeachtach, rinneadh na bearta seo a leanas:

- Ceapadh an Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Sinsearach um Riosca Faisnéise (OSPF) in CCSAE. Dá réir sin, ghlac an OSPF dearbhú ó bhainisteoirí, a chuir breithnithe faisnéise lena gclár priacail, a ndéantar iad a thuairisciú ar bhonn míosúil. Filleann freagrachtaí an OSPF ar an POF i gcomhair aon tréimhsí le linn do phost an Stiúrthóra um Sheirbhísí Corparáideacha a bheith folamh.
- Tá Oifigeach Faisnéise i mbun oibre chun cuidiú le feidhmiú leanúnach bheartas faisnéise an CCSAE agus rinneadh iniúchadh faisnéise agus an uile bhall foirne ag déanamh measúnaithe ar réimsí coitianta an dea-chleachtais, priacail agus feabhsaithe is gá.

An 18 Iúil 2020, bhí an CCSAE faoi ionsaí inar fuarthas rochtain ar líonra an FCSAE agus ar chomhaid sonraí criptithe. Mar thoradh air sin, bhí cur isteach forleathan ar threalamh agus ar sheirbhísí atá i mbun feidhmithe san oifig i mBéal Feirste. Ní raibh tionchar ag na freastalaithe teipaistrithe atá á rith ar shuíomhanna i Muineachán agus ar an Ómaigh. De réir na bprótacal, rinne an CCSAE an teagmhas a thuairisciú le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF), Action Fraud UK, An Chibearchoireacht sa SPTÉ, agus Lárionaid Náisiúnta na Cibearchoireachta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Rinneadh teagmháil le daoine sonraí ar bhonn réamhchúraim d'fhonn forairdeall a mhéadú ar ghléasanna agus ar chuntais chorparáideacha agus phearsanta.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Chuir an OCF an CCSAE ar an eolas ar 12 Eanáir 2021 agus dúradh ... *“I ndiaidh measúnú cúramach agus mar gheall ar an eolas a cuireadh ar fáil dúinn, tá cinneadh déanta againn gach aon gníomh foirmiúil forfheidhmithe a ghlacadh an iarraidh seo.”*

Rinne gnólacht sheachtrach seirbhísí gairmiúla iniúchadh iomlán ar an teagmhas agus ní bhfuarthas aon gadaíocht ollmhór sonraí (pearsanta nó eile). Fuair an CCSAE fóraíocht nua balla dóiteáin, a raibh méadú suntasach ar shábháilteacht agus feidhmiúlacht TF mar thoradh air. Tá buntáiste aige cionn is go bhfuil nasc ar Líonra Príobháideach Fíorúil (LPF) ann le haghaidh cianoibríthe le córais chúloifige an CCSAE, agus dá bhrí sin laghdaíonn sé líon na n-ionsaitheoirí féideartha a d’fhéadfadh líonra an CCSAE a rochtain trí LPF lag nó trí sheisiún Prótacail Ciandaisce (PCD).

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Thug an CCSAE faoi mhórbair ullmhúcháin chun a bheith comhlíontach. Tugadh faoi obair dá éis maidir le bheith ag gníomhú de réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018 (An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 9TÉ/RA) agus An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Éire) agus An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS (AE) 2016/679) d’fhonn an comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

Rialachas agus Cuntasacht

Tá an chreatlach um rialú inmheánach ceaptha chun priacal a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas chun gach priacal teipe a dhíothú d’fhonn na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach; dá bhrí sin ní fhéadann sé ach cinnteacht réasúnach, seachas cinnteacht fhoriomlán, a sheachadadh. Dá bhrí sin, ó thaobh na héifeachtúlachta de, is féidir leis ráthaíocht réasúnta amháin a sholáthar, ach ní ráthaíocht fhoriomlán. Is iad an tOifigeach Cuntasáíochta agus an ARAC a fhaigheann dearbhuithe ó sholáthróirí neamhspleácha de réir mar

is iomchuí.

Bunaítear córas an rialaithe inmheánaigh ar phríoiseas leanúnach atá ceaptha chun aitheantas agus tosaíocht a thabhairt do na priacail faoi choinne beartas, spriocanna agus cuspóirí an CCSAE a bhaint amach go rathúil.

Déanann an CCSAE measúnú ar dhóchúlacht na bpríacal sin a bheith fóraithe agus ar an tionchar a bheadh ann dá bhfíorófaí iad, agus na gníomhartha is gá chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go geilleagrach. Bhí córas an rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa CCSAE le haghaidh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2020 agus go dtí an dáta ar faomhadh na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla, agus comhaontuithe le treoir ón Roinn Airgeadais.

D’fheidhmigh an CCSAE laistigh de théarmaí a Mheamraim Airgeadais (2019) agus tá siad ag teacht go huile agus go hiomlán leis na téarmaí a leagtar amach sa cháipéis sin.

Is iondúil go mbíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Stiúrthóir an Údaráis Bainistithe agus Stiúrthóir na Rúnaíochta Comhpháirtí mar chuid den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí.

I measc gnéithe eile de struchtúr an rialachais chorparáidigh áirítear na nithe seo a leanas:

- Struchtúr comhaontaithe na hEagraíochta agus mion-sainchuntais poist do bhaill foirne ar gach leibhéal, agus próisis ghaolmhara, lena n-áirítear scéim bhreithmheasa foirne, lena chinntiú gur léir do na baill foirne go léir a ról agus a bhfreagrachtaí faoi seach.
- Plean Corparáideach i gcomhair na tréimhse 2020-2023;



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

- Plean Gnó bliantúil, ina leagtar amach, i measc nithe eile, fíis, misean, aidhmeanna agus cuspóirí corparáideacha an CCSAE mar aon leis na príomhghníomhaíochtaí agus spriocanna;
- Réimse beartas, straitéisí agus nósanna imeachta atá mar threoir d'obair na heagraíochta agus a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta;
- Creat um Bainistiú Priacail, a bhfuil straitéis um bainistiú riosca ionchorpraithe ann, arna cheadú ag an Oifigeach Cuntasaíochta agus ag an Choiste Iniúchta agus Urrúis Riosca (CIUR). Leis an Straitéis, sonraítear an próiseas um bainistiú riosca laistigh de CCASAE
- Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh, trína dtugtar urrús don Oifigeach Cuntasaíochta agus don CIUR maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na socruithe rialachais; agus
- Ráitis Urrúis, arna gcomhlánú uair sa ráithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta, a bhíonn bunaithe ar ráitis chomhchosúla maoirseachta ó na Stiúrthóirí, agus dá réir sin tugtar urrús do na Stiúrthóirí ó na Bainisteoirí atá freagrach dóibh. Déanann an Coiste Iniúchta agus Urrúis Riosca iniúchadh ar Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta.

Clár na Leasanna

Char thug aon Chomhaltaí den CIUR, aon bhall den phríomhfhóireann bhainistíochta ná páirtithe gaolmhara ar bith eile faoi aon idirbhearta ábhartha leis an CCSAE le linn na bliana. Coinnítear Clár de Leasanna na gComhaltaí agus Clár de Leasanna an Phríomhoifigigh agus na Stiúrthóirí, agus is féidir é a scrúdú fosta ach iarratas a chur isteach chuig an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha. Le do thoil, féach Nóta 18, Idirbhearta na bPáirtithe Gaolmhara sna Cuntais.

Foinsí an Ghealltanais Neamhspleách (FGN)

Iniúchadh Inmheánach

Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ag CCSAE i gcomhar le Hlíúcháir Inmheánach na Roinne

Airgeadais (RA), a fheidhmíonn de réir caighdeán arna sainiú i gCaighdeán na hEanála Poiblí maidir le Hlíúcháir Inmheánacha. Faightear tuairiscí rialta, lena n-áirítear tuairim neamhspleách an Cheannasaí ar an Iniúchadh Inmheánach maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh an CCSAE, mar aon le moltaí ar mhaithe lena fheabhsú.

Bronnadh toradh leibhéal urrúis Sásúil i gcás na n-iniúchtaí neamhspleácha go léir in 2020. Ar na réimsí a clúdaíodh sna hiniúchtaí inmheánacha, bhí na nithe seo a leanas:

Córas	Grádú
Neamhrialtachtaí Cláir	Sásúil
Nós imeachta le haghaidh cuntais chríochnúil a dhréachtú	Sásúil
Cuidiú Teicneolaíochta agus Costais Úsáide	Sásúil

I ndáil leis na tuarascálacha sin, rinne an tIniúchadh Inmheánach dhá athbhreithniú ina dhiaidh sin chomh maith, ceann amháin ina ndearnadh athbhreithniú ar na moltaí go léir ó 2019, agus ceann eile inar díriodh go sonrach ar athbhreithniú an FGN a rinneadh in 2019 fosta. Mar chuid den obair a rinneadh thar ceann an Údaráis Iniúcháireachta in 2019, thug an tIniúchadh Inmheánach grádú teoranta ar an athbhreithniú a rinne sé ar na FGNanna atá á n-úsáid ag an CCSAE. Tá an rian iniúchta atá riachtanach i bhfeidhm go huile agus go hiomlán i gcás 6 cinn de na 7 FGNanna a ndearnadh athbhreithniú orthu. Ní fada go mbeidh an athbhreithniú ar an FGN amháin atá fágtha críochnaithe agus táthar ag súil le go gcríochnófar go sásúil é roimh dheireadh Mhárta 2021. Mar a sonraíodh cheana sa Ráiteas Rialachais 2019, measadh é a bheith críonna gan aon chaiteachas ó éilimh ina raibh gnéithe a bhaineann leis na FGNanna siúd a chur isteach sna hiarratais



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

eatramhacha íocaíochta don Choimisiún. Mar thoradh air sin, coinníodh €23.51m siar go dtí go raibh réiteach sásúil ar cheist an FGN. Fágann an t-imréiteach ar na 6 FGN gur athchóirigh an CCSAE €10.5m as an bhunluach €23.51m in iarratas eatramhach íocaíochta don Choimisiún i mí na Nollag 2020. Anuas air sin tá €1.6m á phróiseáil agus le fógairt i Márta 2021.

Táthar ag súil le go n-áireofar an t-iarmhéid atá fágtha ón FGN deireanach de €11.4m san iarratas eatramhach íocaíochta sna míonna atá le teacht, nuair a dhéanfar gach dearbhú caiteachais maidir leis na FGNanna a athchóiriú mar chaiteachas incháilithe.

I gcomhair na bliana 2020, bhí an méid seo a leanas le rá ag Ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh sa Tuarascáil Bhliantúil aige: *“Dá bhrí sin, tá mé sásta gur bhunaigh an CCSAE córas iomchuí agus sásúil um bainistiú riosca, um rialú agus um rialachas agus is féidir liom tuairim sásúil iniúchta atá iomchuí tríd is tríd a thabhairt.”*

An tÚdarás Iniúchóireachta

De réir Airteagal 123(4) den Rialachán reatha maidir le Forálacha Coitianta (RFC) 1303/2013, tá Údarás Iniúchóireacha ceaptha ag na Ballstáit d’fhonn freagracht a ghlacadh maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras rialaithe bainistíochta a fhíorú le haghaidh na gClár PEACE VI agus INTERREG VA. Ceapadh foireann laistigh de Státseirbhís Thuaisceart Éireann chun an ról sin a chomhlíonadh, foireann atá freagrach go díreach do Choimisiún an AE. Leagtar mar fhreagracht shonrach bhreise ar an Údarás Iniúchóireacha i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- Iniúchtaí ar fheidhmeanna ar bhonn sampla iomchuí chun caiteachas a maíodh a fhíorú;
- Plean iniúchóireachta a chur i láthair an Choimisiúin; agus

- Tuarascálacha Bliantúla Rialaithe agus Tuairimí Iniúchóireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Rinne an tÚdarás Iniúchóireachta iniúchadh thar an dá chlár araon le linn na bliana. Agus torthaí na n-iniúchtaí faighte bhí an tÚdarás Iniúchóireachta in ann tuairim neamhchálithe a thabhairt don bhliain 2019/2020 (Iúil 19 – Meitheamh 20).

Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in Éirinn

Char sainaithníodh aon fhadhbanna suntasacha rialtachta ná laigí inmheánacha sna cuntais don bhliain sin ná sa Tuarascáil chucu siúd ar a bhfuil Dualgais Rialaithe.

Aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Thar thréimhse na hidirbheartaíochta ó chinneadh na Ríochta Aontaithe aistarraingt ón Aontas Eorpach, fuair na Clár PEACE IV agus INTERREG VA tacaíocht fhorleathan ó na páirtithe ar fad atá páirteach, lena chinntiú go leanfar leo go dtí go gcríochnófar iad.

Leis an Chomhaontú Aistarraingthe idir an AE agus an RA a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 foráiltear do leanúint na gClár PEACE IV agus INTERREG VA as seo go deireadh thréimhse reatha na gclár.

An Clár PEACE PLUS

Leis an Chlár úr PEACE PLUS, ina n-áireofar gníomhaíochta PEACE agus INTERREG araon, tógfar ar obair na gClár reatha PEACE agus INTERREG idir Thuaisceart Éireann agus na contaetha cois teorann in Éirinn trí chúnamh a thabhairt do sheasmhacht shóisialta, gheilleagrach agus réigiúnach na réigiún lena mbaineann; go háirithe trí ghníomhaíochtaí lena gcuirtear chun cinn an comhtháthú idir na pobail.



Ráitis i leith Chóras an Rialaithe Inmheánaigh / an Ráitis Rialachais

Mar chuid d'fhorbairt an chláir, bhí sraith seisiún faisnéise ann i dteannta leis na páirtithe leasmhara a reáchtáladh go déanach in 2019 agus go luath in 2020. Ina dhiaidh sin reáchtáladh cruinnithe fíorúla leis na príomhpháirtithe leasmhara le linn na bliana 2020. Mar a bhí i gcás clár roimhe seo, tá an próiseas sin á bhainistiú ag an CCSAE ar son Choimisiúin an AE, na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Tá an clár faofa ag comhaltaí tofa i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn agus tá sé faoi chomhairliúchán poiblí san am i láthair.

Athbhreithniú ar an Éifeachtacht

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as cuibheas agus rialacht an airgid phoiblí a leithdháiltear ar CCSAE de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom. Leagtar de fhreagracht orm athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh. Bíonn m'athbhreithniú ar chóras an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus ar obair na mbainisteoirí sa CCSAE a bhfuil forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh faoina gcúram. Tá na ráitis a rinne na hiniúcháirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil rialú agus tuairiscí eile mar fhreagracht orthu ina gcuid shuntasach den athbhreithniú chomh maith. Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Urrúis Riosca comhairle orm maidir leis na himpleachtaí atá ag torthaí an athbhreithnithe a rinne mé agus tá mé ag cinntiú go bhfuil feabhsú leanúnach á dhéanamh ar an chóras.

Bainistíocht Airgeadais

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais. Leis na córais rialuithe inmheánacha airgeadais soláthraítear ráthaíocht réasúnta, gan a bheith daingean, go gcoinnítear sócmhainní sábháilte, go n-údaráítear idirbhearta agus go ndéantar taifead orthu i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfear go tráthúil iad.

Tá rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta, rialacháin airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt na ndualgas, maoirsiú bainistíochta agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Tá Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais bunaithe ag CCSAE a thugann aghaidh ar réimsí riosca agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtúil.

Cuirtear na baill foirne go léir ar an eolas maidir leis na beartais sin le linn a n-ionduchtaithe agus ag cruinnithe rialta foirne. Tugtar aghaidh ar riachtanais ar bith a shainaithnítear trí phlean bliantúil oiliúna agus forbartha an CCSAE.

Dibhéirseachtaí Inmheánacha Rialachais

Fadhbanna na Bliana Roimhe

Char tuairiscíodh aon dibhéirseachtaí rialachais sa bhliain airgeadais 2019.

Fadhbanna na Bliana Reatha

Char tuairiscíodh aon dibhéirseachtaí rialachais sa bhliain airgeadais 2020.

Conclúid

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá mé sásta go bhfuil córas cuí rialachais inmheánaigh ar bun laistigh den CCSAE.

GINA MCINTYRE

**Oifigeach Cuntasaíochta
7 Deireadh Fómhair 2021**



Tuarascáil maidir le Luach Saothair

Beartas maidir le Luach Saothair

Ceapadh

Is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) a cheapann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF). Maidir le cúrsaí oibríochta, tuairiscíonn an POF don Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn ina gcáilíocht mar Ranna Coimircíochta thar ceann na Comhairle.

Déantar na Stiúrthóirí a cheapadh de réir bheartas earcaíochta Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Ceanglaítear leis an bheartas go ndéanfaí ceapacháin ar bhonn tuillteanais trí chomórtas earcaíochta cóir, oscailte.

Luach Saothair

Is iondúil go gcuirtear an POF/na Stiúrthóirí ar íospointe an scála tuarastail ar a gceapadh i dtosach. Ina dhiaidh sin, bíonn forchéimniú bliantúil incriminteach ann suas an scála go dtí go mbaintear uasphointe an scála amach.

Úsáidtear dáta incriminteach i Lúnasa do gach post POF/ Stiúrthóra de réir dháta na híocaíochta bliantúla pá.

Pacáiste Iomlán Luacha Saothair

Bíonn poist POF/ Stiúrthóra bunaithe ar íosmhéid de 37 n-uaire oibre in aghaidh na seachtaine. Tá siad i dteideal 25 lá saoire in aghaidh na bliana ag méadú go dtí 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse, mar aon le dhá lá saoire dhéag eile reachtúil agus poiblí.

Bíonn rochtain ag an POF/na Stiúrthóirí ar an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas (alpha). Leis an scéim alpha, soláthraítear sochar sainithe a oibrítear amach ar bhonn Meántuillimh Gairmréime.

Teidlíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Cuirtear ar fáil sna hailt seo a leanas mionsonraí ar luach saothair agus leasanna pinsin an lucht bainistíochta is sinsearaí sa Chomhlacht.



Tuarascáil maidir le Luach Saothair (ar lean)

Íocaíocht (lena n-áirítear tuarastal) agus teidlíochtaí pinsin le haghaidh Bhaill Foirne na Bainistíochta Sinsearaí

Oifigigh	2020				Iomlán	2019				Iomlán
	Tuarastal	Íocaíochtaí Bónais	Sochair Chomhchineáil	Sochar Pinsin*		Tuarastal	Íocaíochtaí Bónais	Sochair Chomhchineáil	Sochar Pinsin*	
	£	£	£	£	£	£	£	£	£	£
Ms Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach	75,045	-	-	62,000	137,045	74,455	-	-	41,000	115,455
An tUasal Paul Sheridan Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	54,730	-	-	28,000	82,730	54,275	-	-	26,000	80,275
Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Rúnaíochta Comhpháirtí	52,768	-	-	24,000	76,768	52,606	-	-	24,000	76,606
An tUasal Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistithe (go dtí 31/12/2019)						55,156			24,000	79,156
An Tuarastal Foirne is Airde a Íocadh	75,045					74,455				
Íocaíocht Mheánach Iomlán	32,043					32,322				
Cóimheas	2.4					2.3				

* Ríomhtar luach na sochar pinsin a fabhraíodh le linn na bliana mar (an méadú iarbhair ar an phinsean iolraithe faoi 20) móide (an méadú iarbhair ar aon chnapshuim) lúide (na ranníocaíochtaí a rinne an duine aonair). Chan fhuil san áireamh sa mhéadú iarbhair aon mhéadú de bharr boilscithe ná aon mhéadú nó laghdú de bharr cearta pinsin a aistriú.

Tuarastal

Áirítear ar an tuarastal oll-tuarastal agus tá sé faoi réir ag cáin na Ríocht Aontaithe/na hÉireann.

Tá foireann ghníomhaireachta bhreise neamhbhuan a chosnaíonn £56,868 san iomlán a íoctar do phost Bainistíochta Sinsearaí ach ní chuirtear san áireamh sa scéim pinsin é agus dá bharr sin ní áirítear é sna figiúirí achtúire. Is é £239,411 (2019, £236,492) costas iomlán an phá don Bhainistíocht Shinsearach.

Sochair Chomhchineáil

Le luach airgeadaíoch sochar comhchineáil, clúdaítear aon sochair arna soláthar ag an fhostóir a mheasann Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona agus Cáin agus Custaim na hÉireann gur luach saothair inchánach é.

Bónais

Cha chuireann an CCSAE polasaí bónais i bhfeidhm. Char íocadh aon bhónais in 2020 ná in 2019.



Tuarascáil maidir le Luach Saothair (ar lean)

Teidlíochtaí Pinsin

	Pinsean fabhráithe ag aois pinsin (amhail ar an 31/12/2020)	Cnapshuim fabhráithe ag aois pinsin (amhail ar an 31/12/2020)	Méadú Iarbhír ar an pinsean ag aois pinsin	Méadú Iarbhír ar an chnapshuim ag aois pinsin	LACA ag 31/12/2020	LACA ag 31/12/2019	Méadú Iarbhír ar an LACA
	£	£	£	£	£	£	£
Ms Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach	25,000	45,000	3,000	2,000	439,000	395,000	44,000
An tUasal Paul Sheridan Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	5,200	-	1,400	-	59,000	42,000	17,000
Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Rúnaíochta Comhpháirtí	2,900	-	1,200	-	32,000	18,000	14,000
An tUasal Mark Feeney Stiúrthóir an Údaráis Bhainistithe (go dtí 31/12/2019)						24,000	

* chan áirítear feasta ar an scéim pinsin athbhreithnithe (meántuilleamh gairmréime) cnapshuim uathoibríoch pinsin. Tá cnapshuim ann i gcónaí i leith seirbhíse faoin tseanscéim.

Socruithe Pinsin

Oibríonn CCSAE scéim pinsin le sochar sainithe a chistítear go bliantúil ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin i Nóta 12.

Luachanna Aistrithe Choibhéis Airgid

Is é an Luach Aistrithe Choibhéis Airgid (LACA) an luach caipitlithe arna mheas go hachtúireach de shochair na scéime pinsin atá fabhráithe ag ball den scéim ag pointe ama ar leith. Is ionann na sochair luacháilte agus sochair fhabhráithe an bhaill móide aon pinsean teagmhasach dá chéile atá iníoctha as an scéim. Is éard atá i gceist le LACA ná íocaíocht a dhéanann scéim nó socraíocht pinsin i leith sochair pinsin a bhaint amach i scéim nó i socraíocht pinsin eile tráth a ndéanann ball cinneadh scéim a fhágáil agus na sochair a d'fhabhraigh sé sa scéim sin a aistriú chuig scéim úr. Léiríonn na figiúirí a thugtar anseo na sochair atá fabhráithe ag an duine aonair de thoradh a bhallraíochta iomláine sa scéim pinsin, chan amháin na sochair a d'fhabhraigh sé sa cháil shinsearach ar bhain an riachtanas nochta léi. Cuimsíonn na figiúirí LACA luach aon sochair pinsin i scéim nó socraíocht eile a d'aistrigh an duine chuig socraíochtaí pinsin chuig na socraíochtaí pinsin Thuaidh/Theas.

Cuimsíonn siad chomh maith aon sochar pinsin breise a d'fhabhraigh an ball tar éis dó blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach sa scéim ar a chostas féin. Déantar LACAnna a áireamh de réir na Rialachán do Scéimeanna Pinsin Ghairme (Luachanna Aistrithe) (Leasú) 2008 agus cha chuirtear san áireamh leo aon sochar iarbhír nó ionchasach a d'fhéadfadh bheith iníoctha nuair a théann an duine ar an pinsean de thoradh Cháin Liúntais Saoil.



Tuarascáil maidir le Luach Saothair (ar lean)

Méadú Iarbhír ar an LACA

Léiríonn sé seo an méadú ar LACA a íocann an fostóir le fírinne. Cha chuirtear san áireamh leis an mhéadú a thagann ar an phinsean fabhraithe de bharr boilscithe, ranníocaíochtaí a dhéanann an fostaí (lena n-áirítear luach aon sochair a aistríodh ó scéim nó ó shocraíocht pinsin eile) agus úsáidtear tosca luachála an Chómhargaidh i gcomhair thús agus dheireadh na tréimhse chun é a áireamh.

Cúiteamh as poist a chailleadh

Char íocadh suimeanna ar bith i gcaitheamh na bliana i leith cúitimh as post a chailleadh.

Luach Saothair an Choiste Iniúchta agus Urrúis Riosca

	2020 £	2019 £
Gerry Finn (Cathaoirleach Neamhspleách)	2,235	6,045
Brona Slevin (Ball Neamhspleách)	1,199	1,581
Gerry Ryan (Ball Neamhspleách) (Thosaigh i Meitheamh 2020)	600	0

Áirítear ar na suimeanna Luacha Saothair thuas chomh maith míléaiste a íocadh le comhaltaí den Choiste.

Bandáil Tuarastail don uile Fhostaí

An líon fostaíthe a raibh a luach saothair don dá mhí dhéag dar chríoch 31 Nollaig 2020 laistigh de na bandáil seo a leanas:

	2020 (líon na	(líon na mBall Foirne i
bPost - BFP		
mBandáil Tuarastal (£)	mBall Foirne i bPost - BFP	in 2019)
Níos lú ná 40,000	48	52
40,000 - 49,999	11	9
50,000 - 59,999	3	4
60,000 - 69,999	1	1
70,000 - 79,999	1	1
Iomlán	64	67



Dearbhú na nArd-Reachtairí agus na nArd-Iniúcháirí do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais

Tuairim maidir leis na Cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais Chomhlacht na gClár Speisialta AE (an Comhlacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibríoch. Cuimsítear leis na cuntais:

- An ráiteas ioncain;
- An ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach;
- An ráiteas maidir le staid airgeadais;
- An ráiteas maidir le hathruithe sa chothromas;
- An ráiteas faoin tsreabhadh airgid;
- Na nótaí ghaolmhara, beartais shuntasacha chuntasáíochta san áireamh.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu.

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann na cuntais léargas fíor, cothrom ar ioncam agus ar staid ghnóthaí an Chomhlachta mar a bhí an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch ansin; agus
- Gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir na treorach cuntas san aguisín leis na cuntais.

Tuairim maidir le Rialtacht

Is é ár dtuairim é gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné ábhartha de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais a bhfuil taifead déanta orthu sna cuntais ag teacht leis na húdarais a ndéanann iad a rialú.

Bunús na dTuairimí

Rinne muid ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CIIanna). Tá cur síos breise déanta ar na freagrachtaí a leagtar orainn faoi na caighdeáin sin san alt maidir le freagrachtaí na nIniúcháirí sa teastas seo. Chan fhuil baint ná páirt againn leis an Chomhlacht de réir riachtanas eiticíúil de Chaighdeán Athbhreithnithe Eitice 2016 na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais agus de réir an Chóid Eitice arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúcháireachta agus tá comhlíonta againn na freagrachtaí eile atá orainn ó thaobh eitice de réir na gcaighdeán sin.

Creideann muid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair muid le bonn a chur faoinár dtuairim.

Faisnéis diomaite de na Cuntais

Tá curtha ar fáil ag an Chomhlacht faisnéis áirithe eile i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá i gceist leis an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an Réamhrá leis na cuntais san áireamh, an Ráiteas maidir le Córas an Rialaithe Inmheánaigh/an Ráiteas maidir le Rialachas agus an Tuarascáil maidir le Luach Saothair. Cha chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na cuntais an fhaisnéis eile agus ní nochtann muid aon chineál tátail urrúis maidir léi.



Dearbhú na nArd-Reachtairí agus na nArd-Iniúcháirí do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais (ar lean)

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na cuntais, ceanglaítear orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na cuntais nó leis an eolas a fuarthas san iniúchadh, nó an cosúil gur míshonraíodh go hábhartha ar shlí eile í. Más rud é, i bhfianaise na hoibre a rinne muid, go gcinnimid go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Chan fhuil aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Cúrsaí a nDéanaimid Tuairisc orthu ar bhonn Eisceachtaí

Chan fhuil aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas, ar nithe iad na ndéanaimid tuairisciú orthu más amhlaidh, inár dtuairimne:

- nach bhfuair muid an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na cuntais a iniúchadh go réidh agus go cuí; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Córas an Rialaithe Inmheánaigh/an Ráiteas maidir le Rialachas ag teacht le comhlíonadh na treorach is infheidhme maidir le rialachas comparáideach.

Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Chuntasaíochta as na Cuntais

Mar a míníodh ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú ar an bhonn atá leagtha amach sa treoir cuntas atá san aguisín leis na cuntais seo agus as a chinntiú go dtugtar barúil ceart agus cóir fúthu. Ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta, is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as cuibheas agus rialtacht a áirithiú maidir le húsáid cistí poiblí.

Freagrachtaí na nIniúcháirí

Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tuairisciú a dhéanamh fúthu do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais.

Is iad na cuspóirí atá againn ná urrús réasúnta a fháil cibé an bhfuil na cuntais ar an iomlán gan aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Is ionann urrús réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CII), míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachadh siad, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, déanann muid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaíonn muid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh againn,

- Déanann muid an priacal go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; leagann muid síos agus cuireann muid i bhfeidhm nósanna imeachta iniúcháireachta a oireann don phriacal sin; agus faigheann muid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an priacal nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná míráiteas de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonphárteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.



Dearbhú na nArd-Reachtairí agus na nArd-Iniúcháirí do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais (ar lean)

- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a leagan síos atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar
- Cinneann muid faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach. Má chinneann muid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, más neamhleor an nochtadh sin, ár dtuairim a athrú. Bíonn na conclúidí uainn bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuair muid go dtí dáta na tuairisce uainn. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, ámh, go gcuirfí deireadh leis an Chomhlacht ina ról mar ghnóthas leantach mar gheall ar theagmhais nó ar dhálaí amach anseo.

Kieran Donnelly
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
do Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

8 Deireadh Fómhair 2021

- Déanann muid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil curtha i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Déanann muid teagmháil leis na daoine a bhfuil cúrsaí rialachais faoina gcúram maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe an iniúchta, an uair atá sé beartaithe é a dhéanamh, agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn muid agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil gur leor í chun urrús réasúnta a thabhairt gur cuireadh i bhfeidhm an caiteachas agus an t-ioncam arna dtaifeadadh sna cuntais airgeadais chun na gcríocha a bheartaigh an Tionól agus an tOireachtas agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais de réir na n-údarás lena rialaítear iad.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éire
DO1 PF72

8 Deireadh Fómhair 2021



RÁITEAS IONCAIM don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

IONCAM	Nótaí	2020	2019	2020	2019
		€'000	€'000	£'000	£'000
Deontas ó Ranna Coimircíochta (Riarachán)	2	2,098	2,069	1,881	1,814
Ioncam Oibriúcháin Eile	4	38	2	35	2
Scaoileadh Deontais Chaipitil	3	88	83	79	74
Glan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin	12(b)	1,659	1,424	1,488	1,248
LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ					
Deontais ó Ranna Cuntasaíochta (Cláir)	3	14,152	16,533	12,688	14,490
COIMISIÚN AN AONTAIS EORPAIGH					
Éilimh infhaighte ón AE	3	80,196	93,690	71,899	82,112
IONCAM IOMLÁN		98,231	113,801	88,070	99,740
CAITEACHAS					
Dímheas	8	(88)	(78)	(79)	(68)
Costais Foirne	5	(3,039)	(2,898)	(2,726)	(2,540)
Costais Oibriúcháin Eile	7	(718)	(600)	(643)	(528)
Bunaithe Úis	3	(38)	(2)	35	(2)
LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ					
Íocaíochtaí a Rinneadh do Thionscadail	3	(94,348)	(110,223)	(84,587)	(96,602)
CAITEACHAS IOMLÁN		(98,231)	(113,801)	(88,070)	(99,740)
Barrachas don bhliain aistrithe chuig an Chúlchiste Ghinearálta		-	-	-	-
Baineann na suimeanna go léir thuas le gníomhaíochtaí leantacha.					

Tá na nótaí ar leathanaigh 54 go 75 agus an t-aguisín ar leathanach 76 ina gcuid de na cuntais seo.



AN RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020	2019	2020	2019
		€'000	€'000	£'000	£'000
Barrachas don Bhliain		-	-	-	-
Gnóthachain ó thaithí maidir le dliteanais na scéime pinsin agus éifeacht an ráta malairte san áireamh	12(a)	316	281	283	246
Athruithe ar bhoinn tuisceana a bhaineann le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin	12(a)	(6,056)	(2,401)	(5,429)	(2,104)
Gnóthachain/(cailteanais) achtúireacha	12(a)	(5,740)	(2,120)	(5,146)	(1,858)
Coigeartú Cistithe Pinsin larchurtha		5,740	2,120	5,146	1,858
		-	-	-	-
Gnóthachain/(cailteanais) de bharr malairte		-	-	-	-
Gnóthachan/(cailteanas) iomlán aitheanta don bhliain		-	-	-	-

Tá na nótaí ar leathanaigh 54 go 75 agus an t-aguisín ar leathanach 76 ina gcuid de na cuntais seo.



RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS amhail ar an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020	2019	2020	2019
		€'000	€'000	£'000	£'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	8(a)	292	183	262	156
Sócmhainní Doláimhsithe	8(b)	76	70	68	59
Iomlán na Sócmhainní Seasta		368	253	330	215
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe – méideanna atá dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	9(a)	64,169	51,435	57,712	43,701
Airgead sa Bhanc agus Coibhéisí Airgid	10	96,548	77,352	86,832	65,719
Iomlán na Sócmhainní Reatha		160,717	128,787	144,544	109,420
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe – méideanna atá dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	11(a)	(147,952)	(125,601)	133,063	(106,713)
Glandlíteanais/glansócmhainní reatha		12,765	3,186	11,481	2,707
Féichiúnaithe – méideanna atá dlíte tar éis breis is bliain	9(b)	5,052	3,981	4,544	3,382
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha, roimh Dhlíteanais Fhadtéarmacha		18,185	7,420	16,355	6,304
Creidiúnaithe – méideanna atá dlíte tar éis breis is bliain	11(b)	(17,818)	(7,167)	(16,025)	(6,089)
Sochair Phinsin					
Cistiú Iarchurtha Pinsin	12(a)	24,490	18,115	22,025	15,391
Dlíteanais i dtaobh pinsin	12(a)	(24,490)	(18,115)	(22,025)	(15,391)
Glansócmhainní Iomlána		367	253	330	215
Arna maoiniú ag:					
Caipiteal agus Cúlchistí					
Cúlchiste Cuntais Ioncaim		-	-	-	-
Cúlchiste Deontais Caipitil		367	253	330	215
		367	253	330	215

Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faomhadh do na cuntais ar 7 Deireadh Fómhair 2021

GINA MCINTYRE, Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Tá na nótaí ar leathanaigh 54 go 75 agus an t-aguisín ar leathanach 76 ina gcuid de na cuntais seo.



RÁITEAS AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS amhail ar an 31 Nollaig 2020

Cúlchiste Cuntais Ioncaim

	2020	2019	2020	2019
	€'000	€'000	£'000	£'000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	-	-	-	-
Easnamh /(Barrachas) don bhliain	-	-	-	-
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(5,740)	(2,120)	(5,146)	(1,858)
Cistiú larchurtha Pinsin	5,740	2,120	5,146	1,858
Gnóthachan/(Caillteanas) Malairte	-	-	-	-
Iarmhéid ar 31 Nollaig	-	-	-	-

Cúlchiste Deontais Chaipitil

	2020	2019	2020	2019
	€'000	€'000	£'000	£'000
Ar 1 Eanáir	253	237	215	212
Cistiú caipitil infhaighte le linn na tréimhse	103	47	91	41
Cistiú a fuarthas trí chúnamh teicniúil	99	52	88	46
Brabús/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	-	-	-	-
Lúide an méid a scaoileadh don chuntas ioncaim agus caiteachais	(88)	(83)	(79)	(74)
Difríocht maidir le hAistriúchán Malartán Eachtrach	-	-	15	(10)
Ar 31 Nollaig	367	253	330	215
Cothromas lomlán ag Deireadh na Bliana	367	253	330	215

Tá na nótaí ar leathanaigh 54 go 75 agus an t-aguisín ar leathanach 76 ina gcuid de na cuntais seo.



RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020	2019	2020	2019
		€'000	€'000	£'000	£'000
Glanmhéid airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	13.1	14,915	35,981	17,281	28,717
Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta Íocaíochtaí d'fhonn sócmhainní seasta a fháil		(202)	(99)	(179)	(87)
Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais Cistiú caipitil a fuarthas		202	99	179	87
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) airgid agus coibhéisí airgid		14,915	35,981	17,281	28,717
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	13.2	81,633	41,371	69,551	37,002
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		96,548	77,352	86,832	65,719

Tá na nótaí ar leathanaigh 54 go 75 agus an t-aguisín ar leathanach 76 ina gcuid de na cuntais seo.



Nótaí a ghabhann leis na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1.1 Coinbhinsiún Cuntasaíochta

I gcomhréir leis an treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais (RA) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), i Meitheamh 2017, ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil.

1.2 Ioncam agus Caiteachas

Áirítear ar an ioncam deontais airgid a fuarthas ón Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Cuirtear ioncam ó dheontais do shochar an Ráitis Ioncam, sa mhéid go dteastaíonn sé chun caiteachas gaolmhar a chlúdach (rud a aithnítear ar bhonn fabhráithe). Aithnítear deontas barrachais mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. (RSA)

Baineann caiteachas le gníomhaíochtaí oibriúcháin an CCSAE agus tugtar cuntas ann ar bhonn fabhráithe.

1.3 Sócmhainní Seasta

Is ionann luach na Sócmhainní Seasta agus a gcostas do CCSAE, déantar iad a chaipitliú áit gur ionann luach sócmhainne aonair agus £500 nó níos mó ná sin. Áirítear bogearraí ceannaithe ar na sócmhainní doláimhsithe.

Déantar dímhéas ar shócmhainní seasta ón mhí i ndiaidh a bhfála, ar rátaí a ríomhtar chun costas nó luach gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go cothrom thar a saol úsáideach tuartha, nó thar an tréimhse léasa má tá an tréimhse sin níos gairide. Seo mar atá an saol úsáideach tuartha i bpríomhchatagóirí na sócmhainní seasta:

Daingneáin agus Feistias	7 mbliana
Trealamh Ríomhaireachta	5 bliana
Trealamh Oifige	7 mbliana
Sócmhainní léasaithe	Téarma an léasa, nó saol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is gairide
Sócmhainní doláimhsithe	5 mbliana

Meastar nach leor luach na sócmhainní oibriúcháin atá in úsáid in CCSAE ionas gur gá athluacháil bhliantúil a dhéanamh orthu.

1.4 Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe i ndiaidh do sholáthar bheith déanta d'aon drochfhiacha nó fiacha amhrasacha (más infheidhme). Baineann creidiúnaithe le gníomhaíochtaí oibriúcháin an CCSAE agus tugtar cuntas iontu ar bhonn fabhráithe.



1.5. Costais Phinsin

Tá scéim pinsin le sochair shainithe i bhfeidhm ag an CCSAE, a ndéantar í a chistiú uair sa bhliain ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' le hairgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais (RA) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in Éirinn.

Faightear cistiú freisin trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, a ndéanann an CCSAE iad a aisíoc le RA agus le RCPA. Tá na hasbhaintí san áireamh le costais tuarastal agus phá (nóta 5).

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist. Aithnítear méid arb ionann é agus an costas pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus déantar é a fhritháireamh le deontais arna bhfáil sa bhliain atá i gceist chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Sa Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas aithnítear gnóthachain nó cailteanais a eascraíonn as athruithe ar bhonn tuisceana achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithe don bhliain inar tharla siad, agus aithnítear coigeartú dá réir sin sa mhéid is inghnóthaithe ó RA/RCPA.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag na baill foirne go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar ar ais ón RA/RCPA sa todhchaí.

1.6. Cáin Bhreisluacha

Cha féidir le CCSAE CBL a éileamh ar ais. Dá bhrí sin, áirítear an cháin bhreisluacha mar chaiteachas agus déantar í a chaipitliú i luach na sócmhainní seasta, nuair is iomchuí.

1.7. Léasanna

Déantar sócmhainní atá faoi léas airgeadais nó faoi chonarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú de réir a luacha chóir ag tús an léasa agus dímheastar iad thar thréimhse an léasa nó thar shaol geilleagrach úsáideach tuartha na sócmhainní, cibé acu is gairide. Déantar na muirir airgeadais a leithdháileadh thar thréimhse an léasa agus cuirtear iad de mhuirear ar an chuntas ioncaim agus caiteachais.

Áirítear nithe ar cíos sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

1.8. Airgeadraí

Déantar idirbhearta agus iarmhéideanna Chomhlacht na gClár Speisialta AE a thuairisciú in Euro agus Steirling. Is é steirling airgeadra reatha an Fhorais agus déantar idirbhearta a thaifeadadh ar dtús san airgeadra sin. Déantar idirbhearta in airgeadraí eile a thaifeadadh de réir rialú an ráta malairte ar dháta na n-idirbheart. Cuirtear an Ráiteas Ioncaim (RI) agus an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh (RIC) i láthair sa dá airgeadra, gach ceann acu ag léiriú comhiomlánú de na hidirbhearta go léir don bhliain i ngach dlínse a aistríodh ag na meánrátaí malairte faoi seach i rith na bliana.

Ag deireadh na bliana aistrítear an Ráiteas um Staid Airgeadais (RSA) agus na sócmhainní agus na dliteanais de réir an ráta malairte deiridh a bhí ag an am.



Is iad seo a leanas na rátaí malairte a úsáideadh do 2020 agus 2019:

2020	2019
Meánráta £1 = €1.115	£1 = €1.141
Ráta ag deireadh na bliana £1 = €1.112	£1 = €1.177

Is cosúil go bhfuil difríochtaí nó figiúirí na bliana reatha agus comparáidí san airgeadra tánaisteach áibhéalacha nó ró-íseal mar gheall ar thionchar gluaiseachtaí i rátaí malairte.

